# Clár

**An Contae seo Againne** 3

**Ráiteas an Chathaoirligh** 4

**Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh** 5 - 6

**Toghcheantair agus Ionadaithe Tofa** 7

- Cruinnithe Údarás Áitiúla 8
- Comhdhálacha ag a raibh Ionadaithe Tofa 8 - 9
- Oiliúint déanta ag Ionadaithe Tofa 10
- Údaráis Phoiblí agus Comhlachtaí eile ar a bhfuil Ionadaithe Tofa 11
- Íocaíochtaí le hIonadaithe Tofa 11
- Fáiltithe Cathartha/An Chathaoirligh 12
- *Coistí Polasaí Straitéiseach* *12 - 14*

**Plean Corparáideach** 15

**Foireann Bhainistíochta** 16

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla** 16

**Gnóthaí Corparáideacha , Pobal agus Fiontar, Comhairle Baile An Chabháin, Gnóthaí Cultúrtha agus Turasóireacht**

- Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní 17
- Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta 21
- Comhairle Baile An Chabháin 29
- Gnóthaí Cultúrtha 30
- Turasóireacht 42

## Bonneagar, Tithíocht, Seirbhísí Éigeandála agus Dóiteáin


- Bonneagar Bóithre **46**
- *Tithíocht* ***53***
- *Tine* ***59***
- Seirbhísí Éigeandála **62**


## Pleanáil/Forbairt Eacnamaíoch, Seirbhísí Uisce, Dramhaíl agus Comhshaol


- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch **63**
- Seirbhísí Uisce **69**
- Dramhaíl **73**
- Comhshaol **81**


## Seirbhísí Airgeadais agus Eolais


- Airgeadas **91**
- Mótarcháin **95**
- Seirbhísí Eolais **97**
- Coimriú Cuntas 2014 **99**


**Note:** Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil i bhFormáid Inrochtana. Glaoigh led thoil ar an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ag 049 437 8600

# An Contae seo Againne

Dúthaigh aoibhinn locha i lár an oileán seo againne is ea An Cabhán. Áit ar an gcúlráid is ea é ach gan a bheith iargúlta. Tá scoth bialanna na tíre againne agus seinntear ceol anso go maidin.

Focal ársa Gaeilge is ea “Cabhán” a chiallaíonn “log sa talamh” agus go simplí rud é seo a léiríonn spiorad na háite. Tá tearmann ar fáil sa Chontae idir phobal, bia, lochanna agus sléibhte, féadfar teacht chugat féin ann agus fáil réidh le strus.

Tá cáil an iascaigh leis ar An gCabhán agus an-éileamh ar an áit le blianta anuas i measc muintir na Gearmáine, Sasana agus na Fraince. Ní hamháin san ach is mó cuairteoir adeir go dtógtar an saol go bog chomh luath is a shroichtear an contae seo. Pé cúis a bhíonn leis an athrú seo rithime, beidh iontas ort faoi na gníomhaíochtaí a chaithfidh an lá duit go deas réidh anso sa Chabhán. **www.thisiscavan.ie**

Contae tuaithe is ea An Cabhán don chuid is mó agus 73,183 duine ina gcónaí ann. É sin ráite is fíor go bhfuil méadú suntasach ar dhaonra na gceantar uirbeacha le blianta beaga anuas. Limistéar droimlíneach is mó atá againn mar a bhfuil an-chuid lochanna agus cnoc beaga. Ceantar sléibhtiúil is ea an tIarthuaisceart agus radharcanna breátha le feiceáil ann, ina measc tá láithreacha a mbíonn tóir orthu go hidirnáisiúnta mar Uiscebhealach na Sionainne/Éirne agus Geopháirc Domhanda Uaimheanna Marble Arch.

Buntáiste mór anois is ea an M3 a fhágann nach bhfuil ach turas faoi bhun uair a chloig idir Baile Átha Cliath agus teorainn an chontae ar an dtaobh ó dheas d’Achadh an Iúir. Tá Baile an Chabháin suite go straitéiseach is é anois mar Molbhaile sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.

Mar chuid den Athchóiriú Rialtais Áitiúil cuireadh athrú ar na Toghcheantair. Tá trí cinn anois ann mar atá Coill an Chollaigh-An Muinchille, An Cabhán-Béal Tairbirt agus Baile Shéamais Dhuibh ó díobhadh na Comhairlí Baile. Laghdaíodh líon na nIonadaithe Tofa ó 52 (Comhairleoirí Baile agus Contae san áireamh) go 18 ionadaí.

## Ráiteas an Chathaoirligh



Is pribhléid domsa mar Chathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin ár dTuarascáil Bhliantúil a chur i láthair. Tá mioneolas anso istigh ar an réimse seirbhísí a bhíonn ag Comhairle Contae an Chabháin, ar thionscnaimh is tionscadail faoi láthair nó déanta. Tomhaistear freisin an dul chun cinn ar chuspóirí corparáideacha na Comhairle a chur i gcrích.

Athrú ó bhonn maidir le soláthar seirbhísi áitiúla ab ea díobhadh na dtrí gComhairlí Baile agus bunú an struchtúr ceantar bardasach.

Bearta eile tábhachta um ról agus dualgais údarás áitiúla ab ea Oifig Fiontar Áitiúil agus Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú in ionad Bord Fiontar Contae agus Bord Forbartha Contae. Cé nach bhfuil na struchtúir úd ach go díreach tar éis tosnú, le himeacht aimsire beidh siad mar bhonn faoin gcaidreamh idir an Chomhairle agus an pobal mór.

Déanaim comhghairdeachas le mo chomhleacaithe ar an gcomhairle a toghadh nó a atoghadh sna Toghcháin Áitiúla 2014. Is mian liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil le hiarbhaill Chomhairlí Contae agus Baile nár sheas nó nár toghadh an turas seo. Caithfear bhur saothar ar son pobal is polaitíocht an Chabháin a aithint.
Molaim go mór freisin an saothar mór a rinne an tIarbhainisteoir Jack Keyes a d'éirigh as a phost i 2014 agus caithfear an t-aitheantas céanna a thabhairt dóibh siúd go léir a d'imigh i rith na bliana.

Bhí go leor buaicphointí againn: Blas An Chabháin; oscailt oifigiúil an Trínse Chéad Coghadh Domhanda i Músaem an Chontae; Gradam Domhanda Turasóireacht Fhreagarthach 2014 ar son "Céad Áit do Lucht Míchumais"; Gradam Feabhas sa Rialtas Áitiúil ó Chumann Lucht Tráchtála Éireann ar son ár Straitéis Plé Poiblí do na Measúnuithe Fuíolluisce Tí.

Tosaíodh i 2014 ar an Uasghrádú €21 milliún ar Uisce agus Fuíolluisce do Bhaile an Chabháin, rud atá riachtanach d'fhás eacnamaíoch an Bhaile agus an Chontae. Fáiltítear roimh an fógra go leathnófar Córas Seolta na hÉirne go Caisleán Sandarsan mar áis bhreise turasóireacht is ea é sin a mheallfaidh cuairteoirí go dtí An Cabhán is chun an réigiún ar fad.

Táim fíorbhuíoch do na baill tofa go léir a thacaigh liom agus dár bPríomhfheidhmeannach Ger Finn agus an fhoireann as a bheith go tiomanta díograiseach i gcaitheamh na bliana.

**Comhairleoir Shane P O'Reilly**, Cathaoirleach

## Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



Bliain dúshlánach ach rathúil a bhí ann do Chomhairle Contae an Chabhain. Ba léir comharthaí go raibh feabhas ag teacht ar an ngeilleagar. Ba léir freisin gur tharla an t-athrú agus an t-athchóiriú ba mhó riamh i gcúrsaí rialtais áitiúla.

Mar chuid den Athchóiriú Rialtais Áitiúil cuireadh athrú ar na Toghcheantair. Tá trí cinn anois ann mar atá Coill an Chollaigh-An Muinchille, An Cabhán-Béal Tairbirt agus Baile Shéamais Dhuibh. Laghdaíodh líon na nIonadaithe Tofa go 18 ionadaí. Ina theannta san bhí dúshláin bhreise ann toisc gur bunaíodh Uisce Éireann agus gur aistríodh oibríochtaí uisce chucusan. Atheagraíodh forbairt áitiúil, tharla mórán athruithe agus méadaíodh ar shúil an tsaoránaigh dá reir.

In ainneoin an méid sin go léir, is deas liom a rá gur éirigh go breá le Comhairle Contae an Chabháin i rith na bliana 2014. Agus dúshláin is athruithe móra i réim, mar sin féin cuireadh réimse leathan seirbhísí tábhachtacha ar fáil trí atheagrú seirbhísí, breis éifeachta, athdhearadh oibre agus tiomantas leanúnach foirne.

I dteannta seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar do chách sna réimsí lárnacha, tharla cláir eile suntasacha, mar shampla:

- Críochnaíodh Tionscnamh an Gheopháirc a chuimsigh oibreacha suntasacha ar an mBoireann i mBlaic agus oibreacha eile ar son Leas as Acmhainní Nádúrtha
- Cuireadh i gcrích an Straitéis Pairtíocht Spóirt agus saothar eile maidir le cuimsiú sóisialta agus míchumas. San áireamh bhí An Cabhán a bhunú mar 'Bhaile Gnó Tacaoise' i gcomhar leis an gCumann Lucht Trachtála
- Críochnaíodh Leabharlann agus Ionad Cathartha Bhéal Tairbeart agus Tionscnamh Cultúr Éireann
- Sa phróíseas um athailiniú cuimsíodh na Coistí Forbartha (LCDC) chun saothar pobail sa chontae a mhaoirsiú is a phleanáil
- Leathnaíodh an deireadh seachtaine Blas An Chabháin, bhí ardrath air agus tháinig breis is 40,000 cuairteoir
- Eagraíodh Seimineár Staire ar an gCéad Chogadh Domhanda i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin agus thángthas chuige ós na ceithre harda
- Críochnaíodh an Plean Forbartha
- Margaíocht ar thaitneamh An Chabháin is ar an mbranda "Seo An Cabhán"
- Soláthar céimneach ar r-chlárú sa tseirbhís leabharlann den scoth
- Tógadh trínsí Chéad Chogadh Domhanda ag Músaem an Chontae
- Críochnaíodh Seachród Bhéal Tairbeart ar chostas €61m agus é oscailte don phobal

Arís aithníodh soláthar seirbhísí den scoth nuair a fuarthas gradaim mhóra náisiúnta mar shampla:

- Arís choimeád Baile An Chabháin an "Stádas Saor ó Bhruscar" ag Gnó in aghaidh Bruscair agus fuarthas an dara háit sa Léig in aghaidh Bruscair don dara bliain as a chéile
- Bhuaigh Baile An Chabháin Bonn Cré-Umha sa Chomórtas Bailte Slachtmhara
- Bronnadh an Bratach Onóra ó Chomhairle na hEorpa ar Bhaile An Chabháin
- Bhuaigh Baile An Chabháin gradam óir sa chatagóir "Bailte is fearr do Lucht Míchumais" ag Gradaim Domhanda Turasóireacht Fhreagarthacht
- Bronnadh Dioplóma Onóra ó Chomhairle na hEorpa ar son iarracht an bhaile ar an idéal Eorpach a chur chun cinn agus ar mhuintir na hEorpa a thabhairt le chéile.
- Gradam an Chumann Lucht Tráchtala ar son ár Straitéis Plé Poiblí do na Measúnuithe Fuíolluisce Tí (DWWA)
- Stádas "Fostóir Creidiúnaithe CPD" arís go ceann treimhse trí bliana

Glacaim leis an deis seo buíochas a ghabháil leis an Iarbhainisteoir Jack Keyes a d'éirigh as a phost mí Bealtaine i 2014 agus guím rath agus sonas air amach anseo. Léirigh sé fís as cuimse don chontae agus dár muintir ar fad trí thiomantas díograiseach i gcónaí.

Gabhaim buíochas lenár gCathaoirligh, na Comhairleoirí Val Smith agus Shane P. O'Reilly, agus leis na baill tofa ar fad idir inné agus inniu as a dtacaíocht agus a ndiansaothar ar son an chontae.

Is mór agam go háirithe obair agus teacht aniar an fhoireann ar fad is iad go díograiseach i gcaitheamh mórán athruithe le déanaí.

Ag féachaint romhainn, is fíor go bhfuil dóchas agus muinín againn asainn féin mar eagraíocht agus as ár gcumas seirbhís riachtanach den scoth a sholáthar is sinn ag cur leis an gcáilíocht bheatha sa Chontae.

**Ger Finn,** Príomhfheidhmeannach

# Toghcheantair agus Baill Tofa ó Mheitheamh 2014

## Bailieborough - Cootehill Municipal Area

| | | | |
|---|---|---|---|
| = | Carmel Brady | - | Fine Gael |
| = | Fergal Curtin | - | Fianna Fáil |
| = | Clifford Kelly | - | Fianna Fáil |
| = | Paddy McDonald | - | Sinn Féin |
| = | Val Smith | - | Fine Gael |
| = | Niamh Smyth | - | Fianna Fáil |

## Ceantar Bardasach An Cabhán-Béal Tairbirt

| | | | |
|---|---|---|---|
| = | Madeleine Argue | - | Fine Gael |
| = | Damian Brady | - | Sinn Féin |
| = | John Paul Feeley | - | Fianna Fáil |
| = | Eugene Greenan | - | Sinn Féin |
| = | Peter McVitty | - | Fine Gael |
| = | Sean Smith | - | Fianna Fáil |

## Ceantar Bardasach Baile Shéamais Dhuibh

| | | | |
|---|---|---|---|
| = | Winston Bennett | - | Fine Gael |
| = | Philip Brady | - | Fianna Fáil |
| = | Noel Connell | - | Sinn Féin |
| = | Paddy O'Reilly | - | Fine Gael |
| = | Shane P O'Reilly | - | Fianna Fáil |
| = | Paddy Smith | - | Fine Gael |

## Cruinnithe an Údaráis Áitiúla

| Cruinniú | Líon |
|---|---|
| Míosúil, Athionóil agus Speisialta | 13 |
| Ceantar Bardasach Baile Shéamais Dhuibh | 4 |
| Ceantar Bardasach Coil an Choilligh-An Muinchille | 5 |
| Ceantar Bardasach An Cabhán-Béal Tairbirt | 4 |
| Ollchruinniú Bliantúil | 1 |
| Cruinniú Bliantúil Buiséid | 2 |
| Grúpaí Polasaí Corparáideach | 14 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht agus Cultúr | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaol agus Uisce | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Bóithre agus Bonneagar | 1 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pobal agus Bonneagar | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe | 2 |
| An Comhchoiste Póilíneachta | 3 |

## Comhdhálacha, Seimineáir, Ócáidí ag a raibh IonadaitheTofa

| Comhdháil / Seimineár / Ócáid | Láthair | Ábhar | Date | Líon i Láthair |
|---|---|---|---|---|
| Comhdhálacha TJK | Luimneach Rátú Maoine | Próiseas Luacháil um | 7-19 Eanáir | 3 |
| Seimineáir TGR | Bun Ráithe Co an Chláir | Rochtain Cúnamh Deontais do Chomhairleoirí | 24-25 Eanáir | 1 |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Ros Ó gCairbre, Co Chorcaí | Conas an Leas is mó a Bhaint as Beagán Ama Bainistiú Am agus Táirgíochta | 24-26 Eanáir | 7 |
| Bainistíocht is Oiliúint Ace | Cairlinn, Co Lú | Muirir Uisce Tí: Ullmhúcháin agus Gnéithe Praiticiúla | 24-26 Eanáir | 2 |
| Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA) | Muineachán | Seimineár Earraigh | 31 Eanáir-1 Feabhra | 10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Údaráis Áitiúla Co Phort Láirge | Dún Garbhán Co Phort Láirge | Feasacht Mheabharshláinte agus Féinmharaithe | 31 Eanáir- 1 Feabhra | 6 |
| Údaráis Bhardasaí na hÉireann (AMAI) | Bun Dobhráin Co Dhún na nGall | Seimineár Earraigh, | 14-15 Feabhra | 8 |
| Iomairt Cholmcille | Leitir Ceanainn | Scoil Gheimhridh | 21-2 3 Feabhra | 2 |
| Comhdhálacha TJK | Luimneach | Ginealaíocht: Ar Lorg do Shinsir agus Préamha Teaghlaigh | 21-22 Feabhra | 1 |
| Turasóireacht An Chláir | Inis Díomáin, Co an Chláir | Turasóireacht | 21 to 22 Feabhra | 5 |
| Cumann Réigiún na hÉireann | Béal Átha Fearnáin, Co Ros Comáin | Réigiúin na hÉireann: Ag Féachaint Romhainn | 28 Feabhra | 4 |
| Cumann Comhairlí Contae agus Baile | Béal Átha Chonaill, Co an Chabháin | Comhdháil Bhliantúil | 6-7 Márta | 12 |
| Ionad Liteartha is Cultúrtha Seanchaí | Lios Tuathail, Co Chiarraí | Cuimsiú Sóisialta do Lucht Scothaosta – Polasaí AE Náisiúnta,Réigiúnach, agus Áitiúil | 20-21 Márta | 1 |
| Bainistíocht is Oiliúint Ace | Cairlinn, Co Lú | An tAcht um Athruithe Chonarthaí Údarás Áitiúla 2013 | 21-23 Márta | 1 |
| Comhdhálacha TJK | Luimneach | Ról Fear an Phobail | 21-23 Márta | 1 |
| Turasóireacht Ceatharlach | Ceatharlach | Turasóireacht | 3-5 Aibreán | 4 |
| Scoil Samhraidh MacGill | Na Gleannta, Co Dhún na nGall | Scoil Samhraidh | 20-25 Iúil | 1 |
| Cumann Ball Údarás Áitiúla | Bun Cranncha, Co Dhún | Seimineár Oiliúna an Fhómhair | 17-18 Deireadh Fómhair a | 9 |
| Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | An Cabhán | Céad Chomhdháil Bhliantúil | 29-30 Deireadh | 10 |

## Oiliúint déanta ag Ionadaithe Tofa

| Teideal Oiliúna | Comhlacht Soláthair | Líon a d'fhreastail |
|---|---|---|
| Oiliúint Tosaitheoir | Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | 16 |
| Oiliúint Airgeadais | Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | 10 |
| Oiliúint Tithíochta | Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | 2 |
| Oiliúint Pleanála | Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | 9 |

## Údaráis Phoiblí agus Comhlachtaí eile ar a bhfuil Ionadaithe Tofa:

| | |
|---|---|
| Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin | Shane P. O'Reilly, Niamh Smyth, Clifford Kelly, Madeleine Argue, Carmel Brady, Patrick O'Reilly, Eugene Greenan |
| Fóram Sláinte Réigiúnach FSS Baile Átha Cliath-Oirthuaisceart, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Philip Brady, Peter McVitty, Paddy McDonald |
| Bord Páirtíocht Spóirt an Chabháin | Philip Brady, Madeleine Argue, Paddy McDonald |
| Údarás Réigiún na Teorann, Láir agus an Iarthair | Sean Smith, Paddy Smith |
| Gréasán Ceantar Lárnach na Teorann (ICBAN) | Winston Bennett, Fergal Curtin |
| Cumann Comhlachtaí Árachas Poiblí na hÉireann | Val Smith |
| Cumann Údarás Áitiúil Éireann (AILG) | Philip Brady, John Paul Feeley, Carmel Brady |
| Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA) | Winston Bennett |
| Coiste Forbartha Pobail Aitiúil an Chabháin | Clifford Kelly, Patrick O'Reilly, Paddy McDonald |

| | |
|---|---|
| Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin | Niamh Smyth, Shane P. O'Reilly, Clifford Kelly, Fergal Curtin, John Paul Feeley, Winston Bennett, Carmel Brady, Peter McVitty, Paddy Smith, Madeleine Argue, Damien Brady, Noel Connell, Paddy McDonald |
| Páirtíocht Síocháin agus Muintearais SÍOCHÁIN III | Clifford Kelly, Patrick O'Reilly, Damien Brady |
| Meitheal Drugaí Réigiún an Oirthuaiscirt | Shane P. O'Reilly |
| Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil | John Paul Feeley, Paddy Smith, Eugene Greenan, Damien Brady |
| Coiste Áitiúil Monatóireachta (Clár Uisce Tuaithe) | Sean Smith, Winston Bennett, Damien Brady |
| Fóram Oidhreachta Chontae an Chabháin | Niamh Smyth, Val Smith, Damien Brady |

## Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae an Chabháin

| | |
|---|---|
| Liúntas Bliantúil Costas (taisteal, cothabháil is ilchineálach m.sh. postas) | €104,418.72 |
| Íocaíochctaí Ionadaíochta | €341,982.56 |
| Liúntais Chathaoirligh / Leas-Chathaoirligh | €33,630.83 |
| Cathaoirligh Coistí Beartas Straitéiseach | €24,500.00 |
| Taisteal, Cothabháil do Comhdhálacha, Seimineáir | €41,538.03 |

## Fáiltithe an Chathaoirligh

1. Aogan O'Fearghail, UachtarainTofa, Chumann Luthchleas Gael

2. An tArd-Mhéara Thomas Ebert agus toscaireacht ón bPáirtí Aontas Críostaí Sóisialta, An Ghearmáin

3. Cantairí An Chabháin

## Coistí Polasaí Straitéiseach Meitheamh 2009-Meitheamh 2014

| Pobal agus Sóisialta | Tithíocht agus Cultúrtha |
|---|---|
| Comh Paddy O'Reilly, Cathaoirleach | Comh Sean McKiernan |
| Comh Val Smith | Comh Shane P O'Reilly |
| Comh Niamh Smyth | Comh Peggy Gray, CB Bhéal Tairbirt |
| Stephen Shannon, Pobal agus Deonach | Jerry Fitzpatrick, Pobal agus Deonach |
| Agnieszka Adamska, An Ponal Pólainneach | Comhdháil Ceardchumann Éireann |
| Comh Madeleine Argue, Cathaoirleach | Comh Grainne Brady |
| Comh Andrew Boylan | Comh Patricia Walsh |
| Comh John Paul Feeley | Comh Vincent McCaul, CB An Mhuinchille |
| Bob Gilbert, Pobal agus Deonach | PJ Dunne, St Vincent de Paul |
| Ionadaí An Lucht Siúil | Billy Thompson, Tuismitheoirí Aonair |

| Comhshaol agus Uisce | Bóithre agus Bonneagar |
|---|---|
| Comh Charlie Boylan, Cathaoirleach | Comh Peter McVitty, Cathaoirleach |
| Comh Maura Maguire-Lynch | Comh Paddy Smith |
| Comh Aidan Boyle | Comh Paddy McDonald |
| Comh Dessie Boylan | Comh John O'Hare |
| Comh Danny Brady | Comh Sean Smith |
| Comh John Scott, CB Bhéal Tairbirt | Comh Paddy O'Reilly, CB An Chabháin |
| Winston Turner, Pobal agus Deonach | Kathleen Duffy, Pobal agus Deonach |
| Dr Tina Aughney, Crann Comhshaoil | |
| Colm Brady, Cónaidhm Náisiúnta Grúpsceimeanna Uisce (NFGWS) | Michael McCarey, Crann Gnó<br>Francis Smith, Ciste Tionscal Foirgníochta (CIF) |
| Ainmnitheach Crann Gnó | Cumann Táirgeoirí Bainne Uachtarlann Éireann |
| **Eacnamaíoch/Forbairt Tuaithe agus Pleanáil** | |
| Comh Winston Bennett | |
| Comh David Blake | |
| Comh Damian Brady | |
| Comh Fergal Curtin | |
| Comh Des Cullen, CB An Chabháin | |
| John Foy, Crann Gnó | |
| Thomas Cooney, Cumanna Feirmeoirí na hÉireann (IFA) | |
| Fintan McCabe, Crann Comhshaoil | |
| Madeleine Ní Mhéalóid, Pobal agus Fiontar | |
| Mark Elliott, Ciste Tionscal Foirgníochta | |

## Coistí Polasaí Straitéiseach Meitheamh 2014-Meitheamh 2019

| Forbairt Eacnamaíoch | Comhshaol agus Pleanáil |
|---|---|
| Councillor (Cllr) John Paul Feeley, **Cathaoirleach** | Cllr Damian Brady, **Cathaoirleach** |
| Cllr Carmel Brady | Cllr Winston Bennett |
| Cllr Eugene Greenan | Cllr Fergal Curtin |
| Cllr Peter McVitty | Cllr Val Smith |
| Cllr Niamh Smyth | Cllr Madeleine Argue |
| Chris Kirk, Public Participation Network (PPN) | Fintan McCabe, Environmental |
| Thomas Rogers, Agriculture | Bernard Engle, PPN |
| Garry Allison | Thomas Cooney, Agriculture |
| Nikki McGoohan | Jimmi Jackson |

| Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha | Comhshaol, Uisce, Iompar agus Bonneagar |
|---|---|
| Cllr Madeleine Argue, **Cathaoirleach** | Cllr Clifford Kelly, **Cathaoirleach** |
| Cllr Noel Connell | Cllr Paddy McDonald |
| Cllr Clifford Kelly | Cllr Paddy Smith |
| Cllr Patrick O'Reilly | Cllr Sean Smith |
| Cllr Shane P O'Reilly | Cllr Philip Brady |
| Andrew Fannon, Irish Congress Trade Unions | Patricia O'Reilly, PPN |
| Annmarie Johnston, PPN | Philip Smith, Agriculture |
| Kate Ennals, PPN | Gary Meehan |
| Larry McCluskey, PPN | Pauline Flood |

# Plean Corparáideach

### Ráiteas Misin: "Bainfear an barr feabhais amach inár saothar"

Díreoimid trí ghníomhú ar fhorbairt inmharthana an chontae agus treoir á tabhairt, cothófar muinín as an dtodhchaí, feabhsófar caighdeán beatha ár saoránach agus cuirfear sochaí cothrom cuimsitheach chun cinn.


### Ár gCuid Prionsabal

Ag éirí as aiseolas agus i gcomhar leis an bhfoireann, is iad ár gcuid prionsabal a bhíonn mar bhonn faoi shaothar iomlán Údarás Áitiúla An Chabháin. Déanfar tréaniarracht ar iad siúd a léiriú agus sinn ag plé le cách idir phobal is eagraíochtaí nó ag soláthar seirbhísí.

| | |
|---|---|
| **Ionracas** | an fhírinne a insint |
| **Cúirtéis** | béasa is meas ar chách |
| **Cúnamh** | cabhair don chomharsa |
| **Oscailteacht** | fiosracht i leith nuála |

| | |
|---|---|
| **Dul chun cinn** | nuálach agus comhaimseartha |
| **Freagracht** | dáirire faoinár ndualgas |
| **Iontaofacht** | beart de réir ár mbriathar |
| **Cuimsiú** | fáilte roimh éagsúlacht |

Mairfidh Údaráis Áitiúla An Chabháin trí na prionsabail chéanna sa chaint is sa chaidreamh againn agus i dtógáil cinntí. Ar an gcuma san cruthófar eitic a bheidh go hiomlán dearfach i leith páirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí.



# Foireann Bhainistíochta

**Bainisteoir Contae**

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Pleanáil, Corparáideach,
Daonacmhainní
Pobal & Fiontar
Comhairle Baile an Chabháin

Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta, Rialú Foirgníochta, Forbairt Phobal, Cuimsiú Sóisialta, Oidhreacht, Caomhnú, Caitheamh Aimsire & Spórt Daonacmhainní, Oiliúint, Seirbhísí D'IonadaitheTofa, Seirbhís don Chustaiméir, Clár na dToghthóirí agus Pinsin

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Bonneagar, Cúrsaí Cultúrtha
Tithíocht

Dearadh Bóithre, Foirgníocht Cothabháil, Bainistiú Tráchta, & Sábháilteacht, Soilsiú Poiblí Leabharlanna, Músaem, Amharclann, Ealaíon, Cothabháil Tithíochta, Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), Iasachtaí, Deontais, Cóiríocht don Lucht Siúil/Daoine gan Dídean

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Seirbhísí Uisce,
Dramhaíl/Comhshaol
Seirbhísí Éigeandála,
Turasóireacht

Cosaint Chomhshaol, Bainistiú Dramhaíola, Tine, Seirbhísí Éigeandála, Caomhnú Fuinnimh, Soláthar Uisce & Séarachas, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce, Caomhnú, Bailiú Muirir Uisce, Reiligí, Rialu Madraí

**Bainisteoir Airgeadais**
Airgeadas, Seirbhísí
Eolais

Bainistíocht Airgeadais, Mótarchánach, Bailiú Rátaí/NPPR, Iasachtaí Tithíochta, Íoc Sonrasc, Párolla, Pinsin agus Teicneolaíocht an Eolais

## Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Faoi réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2009 – 2012 anois ag Údaráis Áitiúla An Chabháin. Tá rún ag Údaráis Áitiúla An Chabháin an scéim úd a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

# Gnóthaí Corparáideacha, Daonacmhainní, Pobal agus Fiontar, Comhairle Baile An Chabháin, Gnóthaí Cultúrtha agus Turasóireacht

## Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní

Tá an Rannóg Daonacmhainní freagrach as gach aon ghné den tseirbhís a bhaineann le daonacmhainní. San áireamh tá earcaíocht, roghnú agus eagrú foirne, oiliúint agus forbairt, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch, an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta, comhpháirtíocht sa láthair oibre, comhionannas is éagsúlacht agus cúrsaí pinsin.

Toisc bac leanúnach a bheith ar earcaíocht laghdaítear an líon foirne in aghaidh na bliana ar fud na heagraíochta. Caithfear cead speisialta a fháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun post a líonadh. Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí 389 ball foirne fostaithe ag an gComhairle. Is mar seo a leanas líon na foirne lárnaigh de réir catagóirí:

| **Foireann** | **Líon** |
|---|---|
| Bainistíocht | 4 |
| Cléireachas/Riaracháin | 172 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 61 |
| Allamuigh | 135 |
| Conarthaí/Tionscnaimh | 11 |
| Sealadach/Séasúir | 1 |
| **Iomlán** | **384** |

## Leas Foirne

Tuigeann Comhairle Contae an Chabháin cothromaíocht idir saol na hoibre is saol an teaghlaigh. Tá réimse leathan scéimeanna dá réir mar shaoire tuismitheoirí, saoire force majeure, postroinnt, saoire téarma scoile, bliain ghearr oibre agus sosanna gairme.

## Táscairí Seirbhíse

% laethanta amú de dheasca tinnis:

| | Tinneas le Teastas | Tinneas gan Teastas |
|---|---|---|
| 2007 | 3.08% | 0.43% |
| 2008 | 3.75% | 0.39% |
| 2009 | 4.38% | 0.24% |
| 2010 | 4.19% | 0.34% |
| 2011 | 4.17% | 0.25% |
| 2012 | 3.14% | 0.39% |
| 2013 | 3.39% | 0.18% |
| 2014 | 3.01% | 0.18% |

## Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as an nDréachtchlár is as an gClár Beo Toghthóirí a chur le chéile maraon leis an bhForlíonadh. Foilsítear an Clár in aghaidh na bliana ar 1Feabhra le teacht i bhfeidhm ar 15 Feabhra dar gcionn.
Tá na catagóirí seo a leanas sa Chlár Toghthóirí: toghthóirí Uachtaránachta, na Dála, Eorpacha agus Rialtas Áitiúla. Braitheann an catagóir agus an saghas toghcháin a bhaineann leis le saoránacht an duine mar a mhínítear anso thíos.

| Saoránaigh | Toghcháin ina bhfuil ceart vótála |
|---|---|
| Na hÉireann | Gach toghchán agus pobalbhreith |
| Na Breataine | Dáil, Eorpach agus Áitiúil |
| Tíortha eile AE | Eorpach agus Áitiúil |
| Tíortha lasmuigh den AE | Údaráis Áitiúla amháin |

Chun a bheith i dteideal clárú mar thoghthóir ní mór a bheith:

- 18 bliana ar a laghad ar 15 Feabhra i mbliain fheidhmithe an Chláir
- Lonnaithe de ghnáth i gceann amháin de na ceithre thoghcheantar ar 1 Meán Fómhair sa bhliain díreach roimh bhliain fheidhmithe an Chláir.

Má bhogtar go dtí áitreabh nua, féadfar an duine a chur ar an bhforlíonadh faoin seoladh nua, ach amháin má bhíonn an duine cláraithe mar thoghthóir ag seoladh éigin eile nó má shocraíonn siad ar an ainm faoin seoladh eile a bhaint den chlár. Ba é líon na dToghthóirí i gContae an Chabhain de réir Clár na dToghthóirí 2014/2015 ná 55,446.

| **Toghcheantar Áitiúil** | **Líon na dToghthóirí** |
|---|---|
| Coill an Chollaigh-An Muinchille | 19,400 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 18,881 |
| An Cabhán-Béal Tairbirt | 17,165 |
| **Iomlán** | **55,446** |

## Oiliúint agus Forbairt

I rith na bliana 2014 leanadh dár dtiomantas trí réimse leathan deiseanna a chuir le cumas ball foirne cur lena gcuid eolais agus scileanna is a lig dóibh tacú go sásúil le riachtanais ghnó na heagraíochta.

Go príomha díríodh mar thosaíochtai oiliúna le bliain anuas ar sláinte agus sábháilteacht, teicneolaíocht an eolais, sainscileanna proifisiúnta is teicniúla, oiliúint oibríochta, reachtaíocht, seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna, cuairteanna ar shuímh agus deiseanna gréasán.

Mar chuid den dtacaíocht leanúnach dóibh siúd ar mhian leo dul ar aghaidh sa ghairm beatha tacaíodh leo siúd a lean cláir oideachais bhreise. Tréaslaímid leo siúd a bhain amach cáilíochtaí éagsúla.

Mí na Samhna bronnadh an gradam clúiteach Innealtóirí Éireann “Fostóir Creidiúnaithe CDP” ar Chomhairle Contae an Chabháin arís go ceann trí bliana. Soláthraíodh oiliúint freisin do na hIonadaithe Tofa ar fad.

## Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Faoi réir téarmaí Comhaontú na Seirbhíse Poiblí, tá an earnáil Údarás Áitiúla tiomanta do bheocht nua a chur isteach sa Chóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Tá athruithe chun feabhais anois ar an samhail PMDS. Sa chóras seo bíonn modhanna a thacaíonn le feabhas feidhmíochta don duine aonair, do mheithil agus don eagraíocht.

Dírítear go mór ar bhaill aonair foirne a fhorbairt i ngach aon slí agus ar thacú agus ar chabhrú leo. Déanann an Roinn Daonacmhainní comhordú ar oibriú an Chóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS) faoi stiúir an Fhoireann Sinsear Bainistíochta.

## Saoráil Faisnéise (FOI)

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ó 21 Aibreán, 1998. Tá sé de cheart ag an bpobal:

- teacht ar thaifeadaí oifigiúla a bhíonn ag comhlachtaí poiblí
- a leithéid d'eolas pearsanta ag na comhlachtaí úd a cheartú agus a uasdátú nuair is gá
- eolas a fháil ar fháthanna aon chinneadh uathusan a théann i bhfeidhm orthu féin.

**Staitisticí Saoráil Faisnéise:**

| | | |
|---|---|---|
| = | Líon cás fagtha ó 2013 | 0 |
| = | Líon Iarratas Faighte | 5 |
| = | Líon Iarratas Deonaithe | 3 |
| = | Líon Iarratas Deonaithe go Pointe | 2 |
| = | Líon Iarratas Diúltaithe | 0 |
| = | Tarraingthe siar/Réitithe lasmuigh de FOI: | 0 |
| = | Líon Iarratas beo 31 Nollaig 2014 | 0 |

## Scéim Deontais Ardoideachais

Don bhliain acadúil 2012/2013 bunaíodh córas nua um iarratas mac léinn is é sin ar líne amháin chuig an t-aon údarás amháin, aonad de chuid Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann (SUSI ). Déantar gach iarratas trín suíomh idirlín **www.studentfinance.ie.**

Dá bhrí sin ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh ní phléann Comhairle Contae an Chabháin ach le **hIarratais um Athnuachan Deontas Mac Léinn**. Is iad siúd a raibh Deontas Mac Léinn cheana féin acu ón gComhairle is iad ag dul ar aghaidh sa chúrsa céanna a bhíonn ag plé leis an gComhairle anois.
Ar an iomlán bhronn Comhairle Contae an Chabháin 201 Athnuachan Deontas Mac Léinn don bhliain acadúil seo caite 2013/2014. Fuarthas 96 iarratas ar dheontas athnuachana don bhliain acadúil 2014/2015. Ag seo na sonraí fúthusan:

| Deontas Bronnta | Diúltú | Ar Ceal/Tarraing siar | Fós beo/Gá le breis eolais |
|---|---|---|---|
| 93 | 0 | 1 | 2 |

Íoctar Deontas Speisialta Cothabhála do mhic léinn faoi choinníollacha áirithe mar theaghlach ar ioncam íseal. Faoi 31 Nollaig 2014 bhíothas tar éis 25 Deontas Forlíontach dá leithéid a bhronnadh don bhliain acadúil 2014/2015.

## Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta

Tacaíonn an Roinn Pobal agus Fiontar le forbairt gheilleagair agus le cuimsiú sóisialta sa chontae. I 2014 tharla athruithe suntasacha maidir le hidirghníomhú ag Rialtas Áitiúil, Boird Fhiontair Chontae, áisinteachtaí eile is ag an bpobal mór maidir le straitéisí comhtháite agus tacaithe a chur i gcrích sa Réimse Pobal agus Fiontar.

## Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

Mí an Mheithimh bunaíodh coiste nua idiráisínteachta sa Chabhán mar chuid den athchóiriú ar rialtas áitiúil. Coiste 17 ball is ea an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, nó LCDC, ar a bhfuil ionadaithe idir reachtúil agus eile. Tháinig sé seo in ionad an Bhord Forbartha Contae a bhíodh ag feidhmiú ón mbliain 2000.
Is é an príomhchúram atá orthu ná plean 6 bliana eacnamaíoch agus pobail don Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Éascú do ról Rialtais Áitiuil ag teacht chun cinn a bheidh sna pleananna úd. Beidh struchtúr níos fearr ann maraon le torthaí dá réir do na Comhlachtaí Forbairt Áitiúil is do sholáthróirí eile a bhíonn ag plé le forbairt idir shóisialta, eacnamaíoch agus pobail. Tharla comhairliúcháin phoiblí ar fud an Chontae chun bonn a chruthú don Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil. Glacfar leis an bPlean úd i 2015.

## Clár Gníomhú Cuimsiú Sóisialta agus Pobail

Mí Deireadh Fómhair 2014 eisíodh tairiscintí faoin gClár nua Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhú Pobail (SICAP). Tháinig sé seo in ionad an Chlár Forbartha Pobail Áitiúil a bhíodh ar bun ag Breffni Integrated agus ag Leader An Cabhán/Muineacháin.

Díríonn an clár nua ar bhochtanas is ar thoirmeasc sóisialta a réiteach trí phlé áitiúil agus páirtíocht idir daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus áisínteachtaí san earnáil phoiblí. Tógfar cinneadh faoin dtairiscint go luath i 2015.

## Blas an Chabháin

Ba í an tAire Heather Humphreys a d'oscail Blas An Chabháin go hoifigiúil mí Lúnasa. D'éirigh go hiontach leis an gceiliúradh mar a raibh breis is 90 seastán, cuid acu tagtha chomh fada le Corcaigh agus Béal Feirste. I mbliana bhí roinn don Bheoir Cheirde agus an-chuid siamsaíocht ar fáil do theaghlaigh.
Bhí breis is 40,000 i láthair. Deis iontach a bhí ann do tháirgeoirí áitiúla agus iad in ann a gcuid táirgí den scoth a chur i láthair an phobail len iad a mhealladh leis an mbia breá atá againn a bhlaiseadh.




Na cócairí Brian McDermott agus Shane Smith ag an Dúshlán Uibheagán idir an Cócaire Rachel Allen agus duine den lucht féachana.

## Spás Cruthaitheach Teach na Cúirte An Damhshraith

Ba é ár gCathaoirleach an Comhairleoir Shane P. O'Reilly a d'oscail go hoifigiúil Spás Cruthaitheach Teach na Cúirte An Damhshraith. Stiúraigh an Roinn Pobal agus Fiontar an t-athchóiriú seo idir thacaíocht riaracháin agus teicniúil. Fuarthas maoiniú €488,000 ón Aontas Eorpach.

Struchtúr suntasach sa tsráidbhaile ón mbliain 1932 is ea Teach na Cúirte agus is ceart an t-athchóiriú atá anois déanta. Tá spás ealaíon anois ar fáil agus deasc eolais do thurasóirí freisin.

Laistigh den láthair seo tá:

- sé spás ar cíos, seomra tornóige mar a bhfuil tornóg 8.1 troigh ciúbach
- cistin feistithe go hiomlán
- ardaitheoir ar chúl an fhoirgnimh mar rochtain do chách
- spás lasmuigh
- seomra taispeántais d'ócáidí, cruinnithe agus ranganna
- tacaíocht agus riaradh oifige

Socraíodh an seanseomra cúirte mar sheomra taispeántais d'ócáidí, cruinnithe agus ranganna i dtimpeallacht nua-aimseartha, é ar fáil ar cíos chomh maith le tacaíocht riaracháin ar an láthair. Féach dowra@ccef.ie

## Cé ag Loch Mac nÉan

Tionscnamh eile trí mhaoiniú Interreg do Leas as Acmhainní Nádúrtha ab ea cé nua ag Loch Mac nÉan, Blaic. Chosnaigh sé seo €68,000 agus críochnaíodh an obair mí Meán Fómhair.

## Scéim Deontas Pobail

Trín scéim seo spreagtar eagraíochtaí agus grúpaí chun tionscnaimh a bhunú a fheabhsóidh caighdeán na beatha do mhuintir na háite. Tugtar beagán maoiniú faoi bhun €1,000 do thionscnaimh nach bhfaigheadh a leithéid in aon slí eile. Trí ghníomhaíocht bhreise na dtionscnamh úd idir eacnamaíoch agus sóisialta cuirtear go mór le hinmharthanacht an cheantair. Caitheadh €20,000 ar mhaoiniú tacaíochta do 45 grúpa pobail.

## Gradaim an Chathaoirligh

Trí Ghradaim an Chathaoirligh ceiliúrtar iad siud sa chontae a théann i bhfeidhm go mór trín obair Dheonach agus Pobail ar chaighdeán beatha muintir na háite. Is í an Rannóg Pobal agus Fiontar a stiúraíonn na Gradaim i gcomhar leis an bhFóram Pobal agus Deonach. Bhí breis is 230 duine i láthair Oíche na nGradam in onóir na 43 a ainmníodh. Ba iad seo na faighteoirí:

- Sandra McIntyre, Foróige Teampall an Phoirt, Spórt
- Cumann Meabharshláinte Choill an Chollaigh, Cuimsiú Sóisialta
- Foireann Sinsear Peil na mBan An Chabháin agus
- Foireann Peil Faoi 21, Spórt (comhbhuaiteoirí)
- Paddy McDermott, Scór/Grúpa Ceoil Chorr na Féinne, Pobal
- Carole Beattie, Cumann Alzheimers an Chabháin, Aois Ghníomhach

Bhuaigh Foireann Sinsear Peil na mBan An Chabháin an duais mhór €1000.




Buaiteoirí na gcatagóirí éagsúla i dteannta Cathaoirleach agus Baill Chomhairle Contae an Chabháin, an Bainsteoir Contae agus baill fhoirne

## Tionscnamh Turasóireacht Diaspóra An Chabháin

Páirtíocht is ea an tionscnamh seo idir Fáilte Éireann, Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus Údarás Áitúla a bunaíodh de thoradh an rath turasóireacht a bhí ar An Tóstal. Bronnadh ar an iomlán €32,000 ar 22 féile sa Chontae.

## Gréasan Páirtíocht Phoiblí An Chabháin

Mí Iúil seo caite cuireadh Gréasán Páirtíocht Phoiblí An Chabháin (CPPN) in ionad an Fhóraim Phobail agus Deonach. Toghadh ar an iomlán 36 ionadaí pobail chun labhairt is gníomhú ar son muintir Chontae an Chabháin. Beidh seans ag an bpobal a nguth a chur in iúl maidir leis an bpróiseas um chinntí trí mhodhanna neamhpholaitiúla.

Buailfidh na hionadaithe lena bpobal éagsúla faoi dhó in aghaidh bliana chun éisteacht le ceisteanna, eolas a bhailiú agus a bheith in ann tuairimí an phobail a bhrú ar aghaidh dá réir ag leibhéal contae. Ó na hearnála seo a leanas is ea na hionadaithe:

- Comhshaol
- Cuimsiú Sóisialta
- Pobal agus Deonach
- Ceantair Bhardasacha: Coill an Chollaigh-An Muinchille, An Cabhán-Béal Tairbirt agus Baile Shéamais Dhuibh

Déanfaidh na 36 ionadaí oiliúint chun a bheith in ann scileanna a chur ar aghaidh chuig ceannairí pobail, rud a chuirfidh le héifeachtúlacht is le cumas pobal áitiúla i gContae an Chabháin.

## Síocháin III

Mar an príomhpháirtí, chríochnaigh an Chomhairle an Clár Síocháin III Mí na Nollag. Ón tús thiar sa bhliain 2009, tá an t-uafás oibre déanta agus tá Páirtíocht Síocháin an Chabháin an-mhórálach as an méid sin. Is léir an leas atá déanta do phobail áitiúla an

Chontae. Cuireadh an Clár i bhfeidhm trí chomhar na bpáirtithe seo a leanas:

- Gréasáin: Comhairle Contae an Chabháin
- Deachaidreamh: Comhairle Contae an Chabháin
- Oidhreacht: Comhairle Contae an Chabháin
- Óige: Comhairle Contae an Chabháin
- For-rochtain Óige: Bord Oideachais agus Oiliúna An Cabhán/Muineachán
- Idirghabháil agus Réiteach Aighnis: Ionad Acmhainní Teaghlaigh An Chabháin

## Tionscnamh Bothán Crom

Ar na tionscnaimh a maoiníodh faoi Chlár Síocháin III An Chabháin i 2014 bhí an Tionscnamh Bothán Crom. Tháinig dream ó Tar Isteach – Fundúireacht Fhear Manach Thoir Theas agus Bothán an bhFear An Chabháin le chéile chum comhoibriú i dtimpeallacht neodrach. Trí bhád a thógáil ag Caisleán Crom roinneadh scileanna eatarthu is iad ag foghlaim óna chéile. Cothaíodh cairdeas ina measc agus táthar ag súil gur féidir leanúint den saothar céanna sa chéad babhta eile den gClár Síocháin.



Tionscnamh Bothán Crom

## Ómós do Chothrom Céad Bliain an Chéad Chogadh Domhanda

Tharla Searmanas oifigiúil in Ómós ag Dealbh ag Fág an Bealach, Faiche Con Smith mí Lúnasa chun na 652 fear ón gCabhán a cailleadh sa Chéad Chogadh Domhanda a thabhairt chun cuimhne. I láthair bhí an tAire Heather Humphreys, dream ó Fhórsaí Cosanta na hÉireann, uaisle eile agus muintir na háite.

## Taithí Trínse Chéad Chogadh Domhanda An Chabháin

Don chéad uair in Éirinn tógadh Trínse mar a bhíodh sa Chéad Chogadh Domhanda. Leanadh na sonraí cruinne ó lámhleabhar Garda na hÉireann a bhíodh in úsáid go luath sa chogadh. Féadfaidh cuairteoirí iad féin dul trí na dálaí a bhíodh ag na fir úd le linn troda, go háirithe in Iarthar na hEorpa, sa bhFrainc agus sa Bheilg. Fuarthas maoiniú don Trínse ó Chomhairle Contae an Chabháin agus ó Chlár Síocháin III An Chabháin. Tuigimid go n-eiseoidh Comhlacht Clár Speisialta an AE treoirlínte chun gur féidir Plean Gnímh do Chlár Síochán IV 2015-2020 a sheoladh mar iarratas ar mhaoiniú.

## Ionad Sráid an Droichid

Ar na húsáideoirí seirbhísí atá lonnaithe sa bhfoirgneamh seo tá Gluaiseacht Lucht Siúil An Chabháin, Fostaíocht Phobail Bhréifne, Tearmann, Fostú Tacaithe Mhuineacháin agus an Clár Abhchóideacht Óige.

Lean Ionad Sráid an Droichid den bhforbairt mar acmhainn riachtanach d'eagraíochtaí áitiúla agus deonacha, do chumainn áitritheoirí is do ghrúpaí tacaíochta idir óige agus teaghlaigh. Is féidir cruinniú ansiúd i dtimpeallacht slán, sábháilte neodrach agus is iomaí dream éagsúil úsáideoirí a bhíonn anois ag baint leas as an áis seo..

## Aonad Cuimsiú Sóisialta it

Lean an tAonad Cuimsiú Sóisialta de thacú le Tionscadail áirithe Tacaoise mar shampla:

- Aithníodh Baile An Chabháin mar Bhaile Tacaoise. Chuige sin ullmhaíodh Plean sonraithe Gnímh idir mórán pháirtithe ag saothrú le chéile chun go mbeadh lucht scothaosta ar a suaimhneas idir mhuintir na háite, cuairteoirí nó siopadóireacht.
- Ba iad Cumann Lucht Tráchtála an Chabháin agus an tOifigeach Turasóireachta a chomhordaigh an Scéim Aitheantas Gnó Baile Tacaoise.
- Tacú agus comhordú le Fóram Scothaosta an Chabháin.




Baill Chumann Lucht Trachtála An Chabháin a bhain leis an Scéim Gnó Baile Tacaoise

Ar an saothar eile bhí an méid seo:

- Seachtain Mórtas an Lucht Siúil leis an nGrúpa Idiráisínteachta don Lucht Siúil a chuimsigh an Searmanas Gradam Mórtas an Lucht Siúil
- Fuarthas maoiniú trí Síocháin III do Sheimineár ar Fhrithchiníochas a tharla mí an Meithimh.
- Díríodh go háirithe ar thacú leis an gClár Athlonnaithe do mhuintir Phoblacht An Chongó
- Comhordaíodh dhá thionscnamh inmheánach: léirigh an Tionscnamh Comhionannais an DVD "Éagsúlacht sa Láthair Oibre" agus d'fhoilsigh Tuairisc Iniúctha Tacú Litearthachta. Tharla an Plean úd trí thacaíocht ón Áisínteacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh.

## Comhchoiste Póilineachta Contae an Chabháin

Is í feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta Contae an Chabháin (JPC) ná a bheith mar fhóram do chomhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le póilíneacht i gceantar riarachán an Údarás Áitiúla.
Mí Deireadh Fómhair fuarthas treoirlínte nua ón Roinn Dlí agus Cirt, bunaíodh coiste nua agus tharla an chéad chruinniú Mí na Nollag. D'aontaigh an JPC Contae go ndíreofaí ar bhearta polasaí pobail is ar shábháilteacht ar na bóithre.

## Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin

Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht Spóirt an rannpháirtíocht sa spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a mhéadú i measc muintir uilig an Chabháin. Faoi láthair bíonn an Chomhpháirtíocht Spóirt ag obair le breis is 400 club, grúpa agus eagraíocht sa Chabhán ar chláir reatha náisiúnta oiliúna agus ar imeachtaí spóirt a thaitníonn leo.

Bhronn An Chomhairle Spóirt €104, 750 ar Chomhpháirtíocht Spóirt An Chabháin don oibriú is do chláir. Ar an príomhchláir bhí:

- Rith le Catherina: an dara rás bóthair 5Cm againn i mBaile An Chabháin in onóir ár lúthchleasaí idirnáisiúnta. Bhí breis is 800 duine páirteach sa rás an lá san.

- Féile Siúlóide An Chabháin: leathnaíodh an fhéile chun breis is 32 siúlóíid a chuimsiú thar 10 lá ar fud an Chabháin ar fad. Bhí roinnt cuairteoirí iasachta páirteach i measc breis is 1,000 duine ar an iomlán.

- Seachtain Náisiúnta Rothar: bhí breis is 800 idir daoine fásta is leanaí páirteach in ocht ócáid mar chuid den Seachtain Náisiúnta Rothar.

- Scéim Deontas do Chlubanna Spóirt: Dháil Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin €10,000 ar chlubanna is ar an bpobal ar fud an chontae. Clúdaíodh idir pháirtíocht an phobail agus forbairt chlubanna araon.

- Oifigeach um Chuimsiú Lucht Míchumas (SIDO): Reachtáladh cláir do bhreis is 300 duine scothaosta agus agus 200 lucht míchumais i 2014. Tharla na tionscadail úd trí ionaid chúram lae agus clubanna/pobail.

- Cluichí do Chách: Dhearaigh agus sheol an SIDO de chuid Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin an clár cuimsitheach praiticiúil seo a ligeann do chlubanna lucht míchumais a bhreith isteach sna gníomhaíochtaí.

## Comhairle nÓg

Chun tacú le gníomhaíochtaí Comhairle na nÓg An Chabháin fuarthas €20,000 ón Roinn Leanaí agus Gníomhaíochtaí Óige. Tionóladh Ollchruinniú Bliantúil Comhairle na nÓg mí Deireadh Fómhair in Ionad Gasóga Caisleán Sandarsan. Bhí breis is 240 ag an gcruinniú agus toghadh 20 ball nua. Baineadh sult as an ócáid bhríomhar seo agus tá 35 ball anois acu. Dáileadh an chéad eagrán de nuachtlitir Chomhairle na nOg ar óige Chontae an Chabháin. Ar na gníomhaíochtaí eile bhí:

- Tréimhse surfáil is curachadóireacht i nBun Dobhráin
- Chuaigh baill airithe ar thuras go Berlin le baill ó Mhuineachán is ó Lú.
- Freastal ar an Ollchruinniú Bliantúil Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh

## Coiste Polasaí Straitéiseach

Tá liosta ball na gCoistí Polasaí Straitéiseach (SPC) ar leathanaigh 19-22. Bhí dhá chruinniú ag an SPC i rith na bliana

| **Tascairí Seirbhíse** | **2013** | **2014** |
|---|---|---|
| Céatadán scoileanna agus grúpaí óige i scéim áitiúil Comhairle Óige/Comhairle na nÓg | 65.51% | 7.62*% |
| Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach | 592 | 597 |
| Líon clós súgartha de chuid an Údaráis Áitiúla | 0 | 0 |
| Líon clós súgartha éascaithe ag an Údarás Áitiúil | 0 | 0 |

*Tá 108 grúpa óige agus 10 meánscoil i gContae an Chabháin,
glacann 9 Meánscoil páirt i gComhairle na nÓg

# Comhairle Baile An Chabháin

## Díobhadh Chomhairle Baile An Chabháin

Díobhadh Comhairle Baile An Chabháin tar éis Toghcháin Áitiúla 2014; bhí feidhm dlíthiúil ansin leis an gClár um Athchóiriú Rialtais Áitiúil faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Bhí an cruinniú deiridh ag Comhairle Baile an Chabháin mí Bealtaine.

## Buaicphointí

Bhí Comhairle Baile an Chabháin freagrach as Baile An Chabháin a fhorbairt is a chur chun cinn agus as bonneagar an Bhaile chomh maith leis an dtimpeallacht idir shóisialta agus cultúrtha a chosaint is a fhorbairt. Ar na buaicphointí bhí:

- Mí Aibreáin ainmníodh go hoifigiúil an "Gairdín Cairdis" ar Bhóthar an Iarnróid in ómós cothrom 25 bliain ó Nascadh an Baile le Jaunay Clan na Fraince.



- Tar éis an cruinniú deiridh a bhí ag Comhairle Baile an Chabháin ainmníodh Seomra na Comhairle mar an "Cullen Suite" in onóir Muintir Uí Chuilinn agus a bhfuil déanta acu ar son an bhaile.

- Mí Bealtaine coimisiúnaíodh píosa nua dealbhóireachta poiblí mar chumhneachán ar an gComhairle Baile.

- Mí Eanáir fáiltíodh roimh an Ollchruinniú Bliantúil deiridh a bhí ag an gCumann Cléireach Baile.

- Mí Márta bronnadh Bratach Onóra de chuid Comhairle na hEorpa ar Bhaile an Chabháin.

- D'fháiltigh an Méara roimh Rith 2014 agus Ionad Eachrach an Chabháin.
- Gradaim agus Deontas Bhaile an Chabháin um Fheabhsú Eastát 2014.

- Coimeádadh an stádas ó Ghnó in aghaidh an Bhruscair (IBAL) as a bheith níos Glaine ná an Norm Eorpach agus fuarthas an dara háit sa Léig IBAL in aghaidh an Bhruscair.

- D'éirigh leis an aistriú isteach faoi scáth Chomhairle Contae an Chabháin.

# Gnóthaí Cultúrtha

## Bliain rathúil ag Seirbhís Leabharlainne Phoiblí An Chabháin

Buaicphointe don tseirbhís ab ea athoscailt Leabharlann Bhéal Tairbirt mí Bealtaine is iad anois istigh i Halla athchóirithe an Bhaile. Páirtíocht is ea an fhorbairt idir Comhairle Contae an Chabháin agus Cumann Forbartha Pobail Bhéal Tairbirt. Beidh an leabharlann is an t-ionad nua anois mar chroílár saol cultúrtha Bhéal Tairbirt. D'fháiltigh muintir an bhaile roimh na háiseanna nua agus an bhallraíocht mar thart ar 600 ag deireadh na bliana. Craolann Raidió Bhéal Tairbirt Éirne ón leabharlann ar an gcéad Mháirt in aghaidh na míosa, rud a chothaíonn naisc phobail.



Shay McDonald, mac le Justin agus Marianne McDonald, an chéad bhall nua agus an ball is óige ag Leabharlann Bhéal Tairbirt in éineacht leis an mbeirt Leabharlannaí Mary Prior agus Jacqueline Magennis.

## Teicneolaíocht Eolais

Leanadh den tiomantas do ríomhaireacht na seirbhísí sa dá bhrainse leabharlainne in A Ármhach agus i mBaile Shéamais Dhuibh. Ó mhí Deireadh Fómhair i leith fuair gach éinne cárta leabharlainne a ligeann don chéad uair do rochtain iomlán an chatalóg ar líne.

Leanadh dár gclár digiteach agus rún againn ár mbailiúchán íomhánna a chur ar fáil don phobal. Mí na Samhna seoladh an Gailearaí ar Líne agus b'shin deis iontach glacadh go foirmiúil le bailiúchán iomlán cártaí poist PJ Dunne a bhronn sé ar an seirbhís leabharlainne. An tráthnóna céanna labhair PJ Dunne agus an staraí áitiúil ar 'Turas i bPictiúirí fá Chontae an Chabháin' agus an chaint úd bunaithe ar an mbailiúchán. Bhí Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin lán go doras don ócáid agus buaicphointe ab ea é gan dabht. Tá an-suim ar fad á cur sa Ghailearaí ar Líne agus méadaítear go mór ar an éileamh a bhíonn ar an suíomh idirlín dá réir.




Iasachtóir in Armhach, Gavin Reilly, a fuair an Cárta nua Leabharlainne ó Róisín Fegan, Leabharlannaí an Bhrainse.

Tá borradh agus fás faoi na Grúpaí Léitheoireachta Leabharlainne i mbaile an Chabháin, Coill an Chollaigh agus An Muinchille. Mí Aibreáin thug na baill cuairt ar Leabharlann Inis Ceithleann mar a raibh Brian McGilloway ag plé a chuid saothair le léitheoirí ó chontaethe éagsúla mar chuid den dtionscnamh 'Comhráití trín Litríocht'. Mí Bealtaine sheol an t-údar Oona Frawley an 10ú Liosta Léamh Samhraidh i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin agus léigh sleachta as a húrscéal nua 'Flight'.

## Imeachtaí Leabharlainne

Cuireadh tús leis na deich mbliana comórtha 1913-1923 mí Aibreáin i leabharlann Choill an Chollaigh nuair a labhair Philip Orr ar 'Guth na hÉireann sa Chogadh Mór' agus thug Hugh O'Brien sraith cainteanna sa leabharlann áitiúil ar an dtionchar a bhí ag an gCogadh ar An Muinchille.

Mí Lúnasa bhí an-éileamh ar fad ar an bhféile dhá lá 'Blas an Chabháin' agus ina theannta san bhí comhdháil comórtha againn faoin gCogadh Mór. Ba iad Dr Brendan Scott, Dr Tim Bowman, Dr Myles Dungan, Dr Ciaran Wallace, Nicholas Perry, John O'Keeffe agus Turtle Bunbury a thug idir eolas agus taitneamh trí na léachtaí. Bhí an lucht éisteachta faoi dhraíocht ag léamh drámatúil Sebastian Barry ar shliocht drámatúil óna úrscéal 'A Long Long Way' a bhaineann leis an gcogadh céanna. Bhain mórán daoine sult as léiriú trathnóna Déardaoin i Halla an Bhaile, An Cabhán mar a raibh idir ceol agus amhráin ó Chantairí Brook, Brendan McQuaile, Sadhbh Fitzgerald agus Jonathan Creasy.




An t-údar Sebastian Barry ag an gComhdháil faoin gCogadh Mór mí Lúnasa

Leantar den tiomantas don Ghaeilge agus tá borradh faoi na naisc le Glór Bhréifne agus le bunscoileanna is meánscoileanna an Chabháin. Tionóltar ranganna Gaeilge in aghaidh na seachtaine agus buaileann dream Léamh na Gaeilge in aghaidh na míosa i Leabharlann Mhic Sheáin.

Bhí an Fhéile Leabhar na bPáistí ab fhearr riamh againn mí Deireadh Fómhair agus mórán scéalaithe, údar, comórtas idir chontae agus náisiúnta a chuir leis an spraoi i gcaitheamh na míosa. Ba iad na réaltaí móra ná Willie Drennan, Simone Schuemmelfeder, Sheena Wilkinson, Dolores Keaveney, Patrick Ryan, agus Gerald Siggins. Bhuail siad le páistí sna Leabharlanna Ceannais, Coill an Chollaigh, An Muinchille agus i mbliana don chéad uair i mBéal Tairbirt.

Díríonn an nuachtlitir mhíosúil **"The Bookmark"** idir leagan clóite agus leictreonach ar an éagsúlacht clár a tharlaíonn i rith na bliana. Caithfear caidrimh a chruthú is a spreagadh i measc an phobail maidir le seirbhísí cultúrtha trí leithéidí Seachtain na Gaeilge, Lá Domhanda Leabhar, Oíche Chultúrtha, Bealtaine, Seachtain Oidhreachta agus Blas an Chabháin.

## Staidéar Áitiúil

TBaintear an-leas as an tseirbhís seo i gcónaí. I measc na n-ábhar a cuireadh leis an stoc tá bailiúchán dlíthiúil ó eastát Hamaltún a fuarthas ar ceant agus cóip de leabhar luachmhar 'The Genealogy of the House of O'Reilly'. Cruthaíodh an leabhar ó lámhscríbhinn a ceannaíodh i gcathair Munich i 2008 agus a tugadh ar iasacht don Leabharlann Linenhall, Béal Feirste. Ba é an Leabharlannaí ansiúd, John Killen, a d'eagair an lámhscríbhinn agus dá thoradh san foilsíodh an leabhar ar bhonn teoranta 225 cóip. Leabhar fíorshuntasach é seo ag leibhéal náisiúnta gan dabht.

D'oibrigh seirbhís Leabharlainne an Chabháin go dlúth le Cumann Seanchais Bhréifne chun trí léacht a eagrú i rith na bliana. Mí Feabhra thug an tOllamh Salvador Ryan léacht

Bhliantúil an Easpag MacKiernan ar Thaismí naofa agus iad á ngoid. Mí Bealtaine labhair Dr Jonathan Cherry ar 'Struchtúr, éag agus oidhreacht córas na dTiarnaí Talún sa Chabhán' agus labhair an tOllamh Elizabeth Fitzpatrick ar shéadchomharthaí Chnoc Shantemon mí Deireadh Fómhair.

## Clár Oideachais Liotuánach

Ócáid speisialta a bhí ann mí na Samhna nuair a tháinig Ambasadóir na Liotuáine Rasa Adomaitiene go Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin agus d'oscail an bailiúchán speisialta leabhar i Liotuáinis atá anois ann.

Tagann na scoláirí ón Scoil Liotuánach ar Shráid an Droichid chun leas a bhaint as an áis úd. An oíche sin bhí ceolchoirm, canadh amhráin sa Liotuáinis agus bhí taispeántas rince leis acu. Bhí rogha dá gcuid bia féin ullamh ag an bpobal Liotuánach agus chuir an méid sin go mór leis an ócáid.




Ambasadóir na Liotuáine in Éirinn Rasa Adomaitiene, Donata Simonaitiene (Scoil Liotuánach Gintarelis, An Cabhán) agus Ger Finn (Príomhfheidhmeannach Comhairle Contae an Chabhain) ar ócáid Oíche Chultúr na Liotuáine mí na Samhna nuair a seoladh an Bailiúchán Leabhar Liotuánach.

## Príomhimeachtaí Leabharlainne:

| **Clár Imeachtaí Leabharlainne: Lánaimseartha** | **2014** |
|---|---|
| Léachtaí | 13 |
| Taispeántais | 19 |
| Cuairt ó Údar nó ó Scéalaí | 30 |
| Taispeántais agus Seoltaí Leabhar | 48 |
| Ceol, Damhsa, Drámaíocht, Ceardlanna | 53 |
| Cuairt ar Rang | 485 |
| Ócáidí is Cruinnithe ag Grúpaí Pobail | 287 |
| **Cruinnithe:** Grúpa Léitheoireachta/Gaeilge/ Ceardaíocht/ Máithreacha is Leanaí Óga | 154 |
| **Imeachtaí:** Comhairle Contae an Chabháin (Ranna eile) agus Áisínteachtaí Stáit | 182 |
| Imeachtaí For-rochtana | 22 |
| **Iomlán** | **1293** |

| **Táscairí Seirhíse** | **2012** | **2014** | **%** |
|---|---|---|---|
| Líon Cuairteoirí: Lánaimseartha amháin | - | 175,495.5* | n/a |
| Suíomh Idirlín: Leathanaigh | 130,168 | 159,441 | +22% |
| Suíomh Idirlín: Cuairteanna | 49,426 | 62,307 | +26% |
| Iomlán Uaireanta Oscailte | 9,470.40 | 9,732.20 | +2% |
| Ballraíocht | 11,234 | 10,616 | -5.5% |
| Rochtain Phoiblí Idirlín | 30,980.50 | 33,967.00 | +9.6% |
| Meánuaireanta Oscailte:Lánaimseartha | 40.51 | 40.92 | +1% |
| Meánuaireanta Oscailte:Páirtaimseartha | 10.10 | 10.73 | +6.2% |
| Stoc ar Iasacht | 169,465 | 162,212 | -4.3% |

*Ón 1 Eanáir 2014, is 'figiúirí crunne' a thuairiscítear mar Líon Cuairteoirít. Go dtí sin ní bhíodh againn ach meastacháin.

## Músaem Contae an Chabháin

Tharla forbairt ollmhór ar Mhúsaem Contae an Chabháin i 2014 agus cuireadh go mór le taithí ár gcuairteoirí ó thaobh chultúr agus oidhreacht de. Go luath sa bhliain osclaíodh don chéad uair an taispeántas Chaisleán Cloch Locha Uachtar mar a bhfuarthas léargas agus tuiscint ar ghné tábhachtach d'oidhreacht an Chabháin. Mí Lúnasa osclaíodh an Taithí Trínse 350 méadar ar fhad is taispeántas an Chéad Chogadh Domhanda. Cuireadh suim sna cúrsaí úd ar bhonn náisiúnta agus mealladh líon suntasach cuairteoirí ón dtír seo agus thar sáile anonn.

I dtaispeántas Caisleán Cloch Locha Uachtar faightear léargas as an gnáth ar cheann de na struchtúir is fearr atá sa Chabhán ó na Meánaoiseanna. Tógtar suas an chéad urlár ar fad agus don chéad uair feictear go poiblí an-chuid déantús a fuarthas sa chaisleán. Insítear scéal plandáil Chontae an Chabháin agus beatha na bpríomhcharactar: Hugh de Lacy, An tEaspag William Bedell, Oliver Cromwell angus Eoghan Rua Ó Néill. Tá gné idirghníomhach leis ann agus guthanna athchruthaithe ó théacsanna na haimsire chomh maith le samhail an chaisleáin fhéin atá 5 méadar ar airde.



Ó Mheán Fómhair i leith, d'oibrigh an Clár Oideachais Trínse le han-chuid bunscoileanna áitiúla chomh maith leo siúd ó Ros Comáin, Muineachán, Baile Átha Cliath, An Mhí, Liatroim agus Longfort. Mhéadaigh ar an líon lucht meánscoile a tháing don chlár oideachais agus cuid acu ó Cháisleán an Bharraigh, Droichead Átha agus Coolmine. Fiú tháinig dream amháin ó scoil i bPáras nuair a bhí cuig lá á gcaitheamh acu i mBaile Átha Cliath.

Chuir an Taithí Trínse le for-rochtain an Mhúsaem mar féadfar an taispeántas WWI a thbahairt ar iasacht d'fheadfai na mílte teagmháil idirghníomhacha a chruthu leis an Músaem is leis an gContae trí chainteanna scoile.

Tháinig daoine fásta leis ó aiteanna ar fud na tíre go dtí an Trínse. Meadaíodh ar an líon cuairteoirí ó Thuaisceart Éireann agus grúpaí ag teacht mar Chairde an Somme, Grúpa Stair Sóisialta agus Cumann an Somme ag glacadh páirt sa chlár.

I dteannta an dá mhórfhorbairt úd reachtáil an Músaem an sraith léachtaí mar atá ar bun againn le fada an lá chomh maith le Taispeántais Ealaíon sa Ghailearaí Eden.

Ag deireadh na bliana bhí ócáid in ómós cothrom céad bliain Sos Cogaidh Nollaig 1914. Bhí léacht faoin Sos Cogaidh, claisceadal ó Chumann Córúil Chrois ar Loch agus léiriú ar an Sos féin. Bhí an líon lucht féachana orthusan ba mhó riamh sa mhúsaem.



## An Oifig Ealaíon

1. Bronnadh 41 Gradam ealaíon agus Forbairt Phroifisiúnta i 2014. B'fhiú idir €200 agus €1,500 iad agus tháinig an maoiniú ó Chomhairle Contae an Chabháin. Tacaíodh le Cantairí an Chabháin, na Seisiúin Café, Ciaran O'Neill,ceoltóir, Teach Druimnín agus At the Edge, Kate Ennals.

2. Bronnadh Gradam Tyrone Guthrie ar Sally O' Dowd

## Ark 1x1

Tionscnamh é seo a bunaíodh san Ark, sin an tIonad Náisiúnta Cultúrtha Leanaí i mBaile Átha Cliath, agus tháinig sé go 12 scoil náisiunta i gContae an Chabháin i rith an bhliain acadúil 2013/2014.

Ba í Eimear Crowe an t-ealaíontóir a d'éascaigh an tionscnamh agus thug sí 12 cuairt ar fad. Ar an iomlán bhí 824 buachaill agus 1088 cailín páirteach. Ar deireadh bhí taispeántas i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin a léirigh idir shaothar an ealaíontóra agus saothar na leanaí.

## Oíche Chultúrtha

Oíche Chultúrtha an Chabháin d'fhreastail 1,515 duine ar imeachtaí ar 21 láthair éagsúla. Ar na buaicphointí bhí ;

- Ceolchoirm ag an amhránaí ó Bhéal Átha hÉis Lisa O Neill i Mhúsaem Contae an Chabháin

- Ceoltóirí NYAH in Ionad Ealaíon agus Cultúrtha Séipéal Veislíoch Coill an Chollaigh

- Bhí ceiliúradh i 61 Sraid an Choláiste le trasealaíon agus Gonzo in ómós do shaol Dermot Healy a d'imigh ar shlí na fírinne i 2014. Bhailigh cairde agus ealaíontóirí chun cumhneamh ar a shaothar sna healaíona sa Chabhán is ar bhonn náisiúnta. Bhí cuid de mhuintir Dermot féin i láthair ag an ócaid.

Bhí an tAire Heather Humphreys i láthair ar roinnt ócáidí. Fuarthas deontas €6,500 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus na Geltachta agus thacaigh Comhairle Contae an Chabháin, pobail agus ealaíontóirí.

## Bealtaine

Tharla 29 ócáid ar 17 láthair i gContae an Chabháin mí Bealtaine mar cheiliúradh ar an gcruthaitheacht i measc daoine scothaosta. D'eagraigh an tAonad Cuimsiú Sóisialta an ceiliúradh i gcomhar leis an earnáil chultúrtha.

## Ag freagairt don Áilleacht

Bhí Heather Brett i bhfeighil 26 ealaíontóir agus dream lucht proifisiúnta idir sheandálaíocht, ailtireacht agus geolaíocht. Bhí móran ealaíontóirí ó dhisciplíní éagsúla páirteach sa tionscnamh ar feadh sé mhí. Tharla cainteanna, léiriúcháin agus cuairteanna ar Bhoireann an Chabháin, an láthair a bhí mar bhonn faoin saothar ar fad. Taispeánadh sa Chabhán an saothar ealaíon a d'eascair as an dtionscnamh agus tugadh cuairt ar sheacht scoil mar a labhair an t-ealaíontóir leis na daltaí. Comhthionscadal ab ea é seo idir an oifig ealaíon iagus an oifig oidhreachta agus tháinig an maoiniu óna mbuiséid siúd.

## Forbairt Cleachtas Cruthaitheach thar Teorainn

Ghlac 33 ealaíontóir páirt i socruithe ag sé pháirtí fáiltithe chun cleachtadh ealaíon a fhorbairt trí thaithí Eorpach. Ba iad na páirtithe ná: Féile an Phobáil Béal Feirste, Trykimuuseum MokS An Eastóin, Ionad Tartu don Chleachtas Cruthaitheach Arvon RA agus Coláiste Coatbridge Albain. Bhí an-toradh ar an dtréimhse a chaith na rannpháirtithe ag cleachtadh i measc eagraíochtaí eile. Maoiníodh an tionscnamh trí dheontas €84,000 ó Léargas faoi scáth an tSraith Margadh Oibre ag Leonardo da Vinci.

## Féile Amharclann an Chabháin

Bhí ard-rath ar an gcéad Fhéile Amharclann an Chbaháin agus an coiste ag obair ar a ndícheall chuige sin, ba iadsan Kieron Smith, Stiúrthóir, Karina Charles, Noelle Slacke, Aaron Monaghan, Marian Smith agus Catriona O'Reilly. Fuarthas maoiniú ó Chomhairle Contae an Chabháin, Pobal agus Fiontar agus Síocháin III.



Kim McCafferty agus Ray Fitzsimons ag cleachtadh Frank Pig Says Hello le Pat McCabe, Kieron Smith a stiúraigh

## Cór Chontae an Chabháin

Coimisiúnaíodh an cumadóir Séan Doherty chun ceol bunaithe ar fhilíocht Heather Brett a chumadh don Chór, “Testament” ab ainm don saothar. Stiúraigh Blanaid Murphy an Cór 33 ball nuair a chan siad an saothar nua ag an Ócáid Grianstad i bPáirc Bhoireann an Chabáin mí Meithimh.



## Síocháin á Cruthú trí na hEalaíona

Comhthionscnamh is ea é seo ag oifig cuimsiú sóisialta Comhairle Contae an Chabháin trí mhaoiniú ó Chomhairle Ealaíon an Tuaiscirt. Bunaíodh tionscnaimh dá réir ar an gCnoc Rua, i gCoill an Chollaigh, Béal Átha Chonaill agus sa Mhuinchille. D’oibrigh na coistí aonair le healaíontóir ar na téamaí agus baineadh leas an an dtionscnamh chun cur le neart agus aontacht pobal. Fostaíodh ceithre ealaíontóir do Chéim 1, tharla 35 ceardlann, labhraíodh le 418 duine agus chuaigh 26 acu chuig an Taispeántas Ealaíon Poiblí i mBéal Feirste. Fuarthas deontas €16,000 don tionscnamh.

## Ealaíon Phoiblí

Tar éis comórtas oscailte i 2013 roghnaíodh an t-ealaíontóir ón gCabhán Yvonne Cullivan don choimisiúnú Seachród Bhéal Tairbirt. I Leabharlann agus Ionad Cathartha Bhéal Tairbirt léiríodh sraith ocht gcinn de ghearrscannáin a mhínigh stair agus cúlra Bhéal Tairbort trín ealaíon. Tá na scannáin seo ar fáil i bhformaid Aip maraon le dán fada a scríobh Tom Conaty mar thoradh ar an bpróiseas ealaíona.

## An Chomhairle Ealaíon

Tháinig maoiniú €45,400 ón gComhairle Ealaíon trí Chomhairle Contae an Chabháin chun tacu leis an gclár forbairt ealaíon 2014.

Eisíodh 9 r-ráiteas agus tá 894 síntiúsóir ar ár mbunachar sonraí. Tharla 43,298 cuairt ar leathanach ag **www.cavanarts.ie** agus 68% seisiún nua. An lá ba ghnóthaí riamh againn bhí 186 duine ag féachaint ar an suíomh.

## Gradaim

Bhuaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin an duais mhór Seirbhís don Ealaíon 2014 ó Iris na hEarnála Poiblí.




Bhuaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin an duais mhór Seirbhís don Ealaíon

## Amharclann an Reamhoir

Cuireadh tús maith leis an mbliain nua nuar a léirigh Aisteoirí Óga an Reamhoir an Gheamaireacht bhliantúil “Jack and the Beanstalk”.

Ina dhiadh sin léiríodh “A Night in November” le Marie Jones inar ghlac Padraic McIntyre an príomhpháirt. D’imigh an dráma úd ar thuras chuig láithreacha éagsúla ar fud na tíre agus moladh go mór an léiriú céanna.



Beirt dearthháir Vladimir i gCeolchoirm.

An Dóiteain a thara i nDílleachtlann an Chabháin thiar sa bhliain 1943 a bhí mar bhonn faoi "The Stolen Child" mí Bealtaine. Scéal an-chumhachtach agus truamhéileach é seo faoi mháthair agus iníon ag iarraidh teacht ar a chéile. Bhain na cúrsaí céanna ar ndóigh leis an scannán "Philomena" a bhí ar siúl mí Aibreáin is bhí an amharclann lán go doras an dá oíche sin. Mar is gnáth bhí an-tóir ar fad ar Gay Byrne agus a sheó siúd lán freisin nuair a tháinig sé mar chuid dá thuras ar fud na tíre mí Bealtaine. Bhain an lucht féachana ardtaitneamh as sin.

Léirigh grúpaí áitiúla roinnt drámaí grinn agus orthusan bhí "Easy Money" and "Lend me a Tenor".

Do cheolchoirmeacha i rith na bliana tháinig Johnny McEvoy, Don Baker, Banna Mór an Chabháin, Sean Keane agus Robert Mizell, ach gan dabht ar domhan ba é réalt mór clár an Fhómhair ná Vladimir. Ar an gclár céanna bhí Dig le Seamus O'Rourke, Sloane ag London Classic, Defender of the Faith ag Amharclann Decadent agus ar ndóigh bhí slua mór i láthair ceithre oíche ag The Night Joe Dolan's Car Broke Down mí na Samhna.
Tá borradh agus fás ag teacht ar an gClub Scannán is ar an gClub Leabhar agus ócáid mhór cruinniú pobail anois is ea an Oíche Chultúrtha mí Meán Fómhair. Bíonn gach aon ócáid an oíche sin saor in aisce mar chuid de mhórcheiliúradh Náisiúnta na n-ealaíon.

Tuigeann an amharclann an ról tábhachtach atá acu i measc an phobail agus fáiltíodh go mór roimh Choláiste Achadh an Iúir is iad ag léiriú an cheoldráma "Back to the 80s".



Padraic McIntyre i A Night in November le Marie Jones.

Ag deireadh na bliana bhí clár álainn Nollaig a chumsigh Liam Lawton, Abba Tribute, The Far Off Hills agus Crooning at Christmas.  Bhí ríméad an domhain ar na páistí a chonaic an seó speisialta acu féin Cuckoo Connollys Curious Clock Shop.

## Turasóireacht

Bhí rath ar thurasóireacht an Chabháin i 2014 agus méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí go háirithe sna hóstáin.  Ar an mórgóir is ón dtír seo, ón Tuaisceart agus ón Bhreatain a thagann lucht lóistín chugainn anso. Tugadh breis poiblíocht don bhranda Seo an Cabhán! agus ar an iomlán bhí tuairimí dearfach ina leith.  Cuireann ócáidí mar Fhéile Siúlóide an Chabháin agus Blas an Chabháin go mór leis an gContae a chur chun cinn  mar láthair iontach saoire.

## Iascaireacht

Tharla 12 féile iascaigh i gContae an Chabháin agus mealladh an-chuid iascairí chugainn dá mbarr.   Bhí cruinniú in aghaidh ráithe ag Meitheal Iascaigh an Chabháin (CAW a bunaíodh i 2013) agus luíodh isteach ar phlean oibre chun tosaíochtaí a chinntiú, iascach a bhrú chun cinn sa chontae chomh maith le freastal ar sheónna iascaigh agus turasóireachta chun scéal an iascach atá  anseo againn i gContae an Chabháin a scaipeadh.

Is iad baill an CAW ná: Eamonn Gray, Óstan Breffni Arms, Ármhach; Kieran McCormack, Angling Guide; Fergus Smith, Béal Átha na nEach; Maura Hughes, Church View B&B, Béal Tairbirt; CJ Fay, An Muinchille; Ted Sweeney, Iascaigh Intíre Éireann; Dermot Broghan, Iascaigh Intíre Éireann; Joanne Hayes, Oifigeach Turasóireachta an Chabháin. D'éirigh leis an Oifigeach Turasóireachta maoiniú €4000 a fháil ó Fháilte Éireann go speisialta chun tacú leis an iascach is le féilte iascaigh sa Chontae.

## Féile Siúlóide an Chabháin

Lean Turasóireacht an Chabháin de ról tábhachtach a ghlacadh i bhFéile Siúlóide an Chabháin a tharla mí Bealtaine. Fuarthas maoiniú breise agus Bolscaireacht trí Leas as Acmhainní Nádúrtha (HNR) agus dá bhrí sin tháinig iriseoirí taistil (Eoghan Corry, Travel Extra agus Barry Egan, Sunday Independent) a d'fhreastail ar an bhféile agus a scríobh fúithi ina dhiaidh sin. .

## Blas an Chabháin

Lean Turasóireacht an Chabháin de ról tábhachtach a ghlacadh i bhFéile Blas an Chabháin nuair a fuarthas maoiniú €4000 ó Fháilte Éireann mar thacaíocht do mhargaíocht na hócáide ar líne agus ar eile. Ina theannta san bhí Seo an Cabhán! go follasach ann agus eolas á scaipeadh go forleathan faoin gCabhán mar láthair do chuairteoirí.

## Gnó na Turasóireachta

De réir suirbhé ar ghnó Turasóireacht sa Chontae, bhí sealbhú breis is 40% ag 60% de na hóstóirí. Fós ba é an t-iascach an gné ba thábhachtaí do thurasóirí a tháinig go dtí an Cabhán. Ba as an tír seo, an Tuaisceart, an Bhreatain, an Fhrainc agus an Ghearmáin (san ord céanna) a thángthas don chuid ba mhó. Ar deireadh mheas 46% den lucht freagartha go raibh an bhliain 2014 'níos fearr' ná 2013 agus dúirt 44% go raibh sé 'mar an gcéanna'.



D'fháiltigh Turasóireacht an Chabháin roimh ócáid gréasán gnó mí Aibreáin san Óstán Cavan Crystal. Bhí 50 lucht gnó i láthair agus é mar aidhm acu cur le heolas ar an gcúram ar fud an chontae chomh maith le naisc agus páirtíochtaí a chruthú eatarthu féin. D'éirigh go hiontach leis an ócáid maidir leis na cúrsaí úd.

## Seo An Cabhán! á chur chun cinn

Tá an branda Seo an Cabhán! ag dul i dtreise agus é le feiscint ag mórán seónna trádála agus tomhaltóirí mar Blas an Chabháin, Seó Achadh an Iúir, Seó An Tulach Mór, An Craobh Náisiúnta Treafa, Meitheal (Buail leis an gCeannaí), An Seó Gnó Taistil agus an Margadh Taisteal Domhanda.

Tá an branda le feiscint ar líne ar thrí ardán: Twitter, Facebook agus Pinterest agus ar an suíomh idirlín **www.thisiscavan.ie.** Mhéadaigh ar lucht leanúna Facebook ó 2,000 go 5,999. Tugtar 10,000 cuairt aonair in aghaidh míosa ar an suíomh agus tá 3,500 síntiúsóir ag an nuachtlitir Seo an Cabhán! a sheoltar trí huaire in aghaidh na bliana. Cuireadh an-chuid fógraíocht do Chontae an Chabháin san Angling Times (RA), ar fud na nuachtán réigiúnach ar fad d'Fhéile Siúlóide an Chabháin agus do Bhlas an Chabháin chomh maith le clúdach breise i bhfoilseacháin Uiscebhealai Éireann is Fáilte Éireann i rith na bliana.

## Bróisiúir

I measc na mbróisiúir a scaip Seo an Cabhán! go forleathan bhí a dtreoir féin turasóireachta agus bileog eolais, léarscáil turasóireachta agus bileog eolais do Pháirc Bhoireann an Chabháin.

## Páirc Bhoireann an Chabháin

Bhí baint mhór ag Turasóireacht an Chabháin leis an dtionscnamh Páirc Bhoireann an Chabháin á chríochnú. Fuarthas maoiniú chun Aip a fhorbairt, tharla ceardlann bhranda chun margaíocht a aontú, foilsíodh bróisiúir, postaerí agus ábhar idirlín. Tharla ócáid oscailte na Páirce mí Meithimh mar a raibh 1,000 i láthair do na himeachtaí mar cheol, siúlóidí agus gníomhachtaí éagsúla eile. Ba é an tUas. Phil Hogan T.D. a d'oscail Boireann an Chabháin go hoifigiúil an lá san.

Thug an tUas. Leo Varadkar T.D., Aire Turasóireachta cuairt ar Pháirc Bhoireann an Chabháin mí Bealtaine agus é ar an slí go hionad saoire Loch Éirne i gContae Fhear Manach nuair a seoladh foilsiúchán de chuid Údaras Reigiúnach na Teorann.



An tAire Turasóireachta Leo Varadkar T.D. agus Jim Nolan de mhuintir na háite ag Páirc Bhoireann an Chabháin

Chuir 30 duine de chuid Lucht Gnó Turasóireachta an Chabháin eolas ar Pháirc Bhoireann an Chabháin le linn cuairt a thug siad ar an láthair mí Meithimh.
Lean an t-oifigeach turasóireachta de thacú le Cumann Rochtain an Chabháin agus iad ag iarraidh rochtain míchumais sa Chabhán a fheabhsú do thurasóirí. Lean an Chomhairle féin den inrochtaineacht a fheabhsú trí infheistíocht i DisabledGo – sin iniúchadh rochtain ar líne don chontae mar a fhaightear eolas ar bhreis is 500 spás poiblí ar fud an chontae, féach **www.disabledgo.com.** Tháinig DisabledGo go Contae an Chabháin mí Deireadh Fómhair agus rinne iniúchadh ar fhoirgnimh nua mar Thaithí Trínse an Chéad Chogadh Domhanda i Músaem an Chontae, Pháirc Bhoireann an Chabháin agus Leabharlann Bhéal Tairbirt.

Tá Treoir nua anois ann 'Turasóireacht Inrochtana i gContae an Chabháin' mar a bhfuil léarscáil nua de na láithreacha inrochtana turasóireachta sa chontae.

Ag an Margadh Taisteal Domhanda i Londain mí Deireadh Fómhair bronnadh an gradam Turasóireacht Fhreagarthach Domhanda ar Chomhairle Contae an Chabháin ar son oibreacha a dhéanamh a chuir le hinrochtaineacht sa Chabhán.



Joanne Hayes ag glacadh leis an nGradam Turasóireacht Fhreagarthach Domhanda i Londain ar son Chomhairle Contae an Chabháin.

## Ceann Scríbe Eorpach den Scoth (EDEN)

Tá An Cabhán fós mar bhall den ghréasán EDEN (Ceann Scríbe Eorpach den Scoth) i gcomhar le ceithre láthair eile in Éirinn agus móran láthair ar fud na hEorpa. Bíonn cruinniú bliantúil ag gréasán Eden sa Bhruséil, mar a raibh an t-oifigeach turasóireachta i láthair mí Deireadh Fómhair. Tá An Cabhán mar bhall de ghréasán EDEN ó buadh an gradam EDEN i 2013.

# Bonneagar, Tithíocht, Seirbhísí Éigeandála & Dóiteáin

## Bonneagar Bóithre

á Comhairle Contae an Chabháin freagrach as na bóithre ar fad sa Chontae idir Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú.
Tugann An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) maoiniú i leith Bóithre Náisiúnta. Maoiníonn An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) an gréasán Réigiúnach agus Áitiúil le tacaíocht idir theicniúil agus riaracháin ón NRA. Tagann cuid mhaith den dáileadh don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil ó Chomhairle Contae an Chabháin. Is ón Rialtas Lárnach trí áisínteachtaí éagsúla a thagann an maoiniú feabhsúchán bóithre don chuid is mó.

Meastar gur fiú an gréasán bóithre ar an iomlán sa Chontae breis is €1.1billiún, baineann €1 billiún leis na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá 779 droichead thar bhóthar (réise breis is 2 méadar) sa chontae.

Chaith Comhairle Contae an Chabháin €1.380m as a stuaim féin go speisialta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Go príomha bhain an chothabháil le draenáil agus le hathchóiriú dromchlaí. Ar an iomlán bíonn Comhairle Contae an Chabháin freagrach as beagnach 3,000Cm (1,880 míle) de bhóithre poiblí in aghaidh na bliana.

## Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair

Bhí buiséad beagnach €15.5 milliún do chothabháil agus feabhsú bóithre, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Príomhbhealaí Náisiúnta | € 3,522,594 |
| Réigiúnach, Áitiúil agus Uirbeach | € 8,975,850 |
| Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta | € 784,294 |
| Acmhainní na Comhairle | € 2,170,000 |
| **Iomlán** | **€ 15,452,738** |

## Ranníocaíochtaí Áitiúla

Chaith Comhairle Contae an Chabháin €2.17 milliún as a stuaim féin chun an Gréasán Bóithre Neamhnáisiúnta (Réigiúnacha agus Áitiúla) a Chothabháil is a Fheabhsú, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle do chúram an ghréasán bóithre sa chontae.

## Cothabháil Gheimhridh

Dáileadh €250,000 do Chothabháil Gheimhridh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa Chontae.

## Dualgais Rialachais a Chur i bhFeidhm

Tá fodhlíthe páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Tairbirt,  An Muinchille agus Achadh an Iúir.  Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill.

## Tonscnaimh Bóithre

Is iad an N3 Baile Átha Cliath/inis Ceithleann/Béal Átha Seanaidh agus an N16 Sligeach/Inis Ceithleann atá sa ghréasán príomhbhealaí againn.

## Scéim Fheabhsúcháin N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt

TBa bheag nár críochnaíodh an scéim i 2013.  Tá oibreacha cóiríochta d'úinéirí talún fós ar siúl.   Deisíodh na codanna den bhóthar a ndearnadh díobháil dóibh le linn tógála.

Ina theannta san leagadh dromchla nua ag deireadh na bliana ar na bealaí isteach go Timpeallán Halla an Charria.  Ar an iomlán caitheadh €1.234m ar an scéim.



Droichead Extrados

## Scéimeanna Uachtar Cosán

Maoiníodh dhá mhórscéim uachtar cosán, ar an N3 agus an N16.  Tá an scéim N3 Béal Tairbirt go Aghalane 2,550 méadar ar fhad agus an scéim Corr an Mhathain go Kiltomulty 3,200 ar fhad.  Rinneadh athchóiriú in áiteanna de réir gá, neartú agus dromchla chomh maith le comharthaí tráchta agus marcáil bhóithre le súil go mairfidís 20 bliain.  Chosnaigh an dá thionscnamh €1,487,787 ar an iomlán.

Fuarthas maoiniú €221,679 faoi scéimeanna an Údarás Náisiúnta Bóithre "Mionoibreacha Feabhsú Cosán" d'obair ar na Bealaí isteach go Bóithre Náisiúnta (N3 agus N87) do Timpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt. San áireamh bhí dromchla nua ar stráice 260m ar an N87 go díreach thiar ó Timpeallán Halla an Charria.

## Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta

Is iad an N54 An Chabhán/Muineachán idir Droichead an Bhuitléaraigh agus Teorainn an Chontae ag Log Uí Cheallaigh, an N55 An Cabhán/Áth Luain agus an N87 ó Thimpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt go dtí an teorainn ag An Muileann Iarainn atá sa ghréasán bóithre tánaisteacha.

## N55 Athailíniú Dún Dá Bheann Mullach Odhráin

Tá oibreacha cóiríochta d'úinéirí talún agus roinnt oibreacha breise sábháilteachta fós ar siúl. Ar an iomlán caitheadh €88,898 ar an scéim i 2014.



Oscailt Oifigiúil Athailíniú N55 Dún Dá Bheann Mullach Odhráin

## N55 Corr Dubh go Killydoon ó Dheas

Tharla Roghnú Cúrsa agus Próiseas Pleanála Cuid 8 ar Chéim 1(Garrymore go Potahee) agus ar Chéim 2 (Corr Dubh go Béal Atha Trost). Seoladh aighneacht chuig an NRA ag lorg cead Ordú Ceannach Éigeantach a chur i bhfeidhm do na Ceimeanna úd. I rith na bliana caitheadh ar an iomlán €27, 100.

## Taisteal Cliste: Bailte Taisteal Gníomhach 2014-2016

Fuarthas maoiniú €500,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) chun an bonneagar siúlóide agus rothar a fheabhsú i mBaile An Chabháin. Tá obair Phleanála agus Deartha ar siúl cheana féin le súil tosú ar an dtógáil i 2015. Díreofar go príomha ar Bhóthar An Mhuinchille.

## Droichid

Críochnaíodh Suirbhéanna ar 164 Droichead Bóthair idir Reigiúnach agus Áitiúil i 2013/2014.
Go dtí seo bhí tús áite ag droichid i Catagóir 4 agus 5 mar a raibh géarghá le feabhsúcháin. Críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas i mbliana:

- Oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead Sallaghan
- Oibreacha atógála ar Dhroichead Corroneary agus athosclaíodh an bóthar
- Oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead Drumcannon
- Oibre feabhsúcháin ar Dhroichead Laurel Hill agus ar Bhalla na hAbhann
- Oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead Shantully
- Oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead Creighan
- Atógáil Droichead Coill an Tí ar an L6097


Ar na 164 droichead sa tsuirbhé tá gá fós le hoibreacha feabhsúcháin ar 153 díobh ar chostas thart ar €1.85 milliún. Fós caithfear suirbhé a dhéanamh ar timpeall 600 droichead ar bhóithre áiitúla.

## Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Tá athnuachan nach beag déanta ar an ngréasán bóithre réigiúnacha le deich mbliana anuas faoin gClár Athnuachan Bóithre. De ghnáth is sraith mhacadam agus uachtar anuas uirthi a bhíonn i gceist. Tugadh tús áite freisin don mharcáil agus don líniú bóthair.

Dáileadh €8,9075,850 do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Dá bharr san d'éirigh leis an Roinn Bóithre an-chuid Feabhsúchán agus Athchóirithe a chur i gcrích.

Dháil An Roinn Iompair, Tursaóireachta agus Spóirt €100,000 don gClár Straitéiseach Bóithre Náisiúnta (scéimeanna a éascaíonn cur i bhfeidhm an Straitéis Spásúil Náisiúnta) chun an Scéim Feabhsúcháin ar an Slí Straitéiseach An Cabhán go Dún Dealgan a chríochnú.



An Bealach Anoir  Isteach go Baile An Chabháin

Dáileadh €4,399,955 d'Oibreacha Cothabhála.  Caitheadh €1,648,150 ar dhromchlaí a chóiriú.  Dáileadh €3,378,000 d'Oibreacha Feabhsúcháin.  Caitheadh an Deontas Feabhsúcháin agus Athbhunaithe ar thosaíochtaí chun an gréasán a choimeád go réasúnta maith.

Dáileadh €260,000 mar Dheontas d'Fheabhsúcháin Áirithe. Is do thionscnaimh atá tábhachtach ó thaobh eacnamaíocht agus fostaíochta de atá na Deontais d'Fheabhsúcháin Áirithe.

Dáileadh €100,000 ar Scéim Straitéiseach do Bhóithre Neamhnáisiúnta (scéimeanna iad seo a éascaíonn an Straitéis Spásúil Náisiúnta).  Fuarthas  €100,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don chéim deartha faoin Scéim Feabhsúcháin ar an Slí Straitéiseach An Cabhán go Dún Dealgan.

## Sábháilteacht ar na Bóithre

TDírítear go speisialta ar shábháilteacht do lucht úsáidte bóithre agus do choisithe. Aithnítear láithreacha an-bhaolacha mar mharcanna dubha agus eagraítear Scéimeanna Sábháilteachta dóibh ar Chostas Íseal.

Tá sé i gceist ag Chomhairle Contae an Chabháin an líon timpistí a laghdú trí Oideachas, bearta Forfheidhmithe agus Innealtóireacht  de réir Straitéis atá ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

1. **Oideachas:** Cuireann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cúrsaí chun cinn i measc an phobail agus neartaíonn an Fheasacht uirthi sna Scoileanna.

2. **Forfheidhmiú:** Clár um Sheachaint Timpistí: Innealtóirí agus Gardaí ag obair as lámh a chéile. Is iad na Maoir Tráchta a chuireann na Fodhlíthe Tráchta i bhfeidhm.

3. **Innealtóireacht:**( Is í an Fhoireann Innealtóirí Bóithre a dhearann Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal agus Scéimeanna um Cheansú Trachta.

## Scéimeanna Feabhsúcháin Bóithre um HD 15 Láithreacha Ard-Taismí

Fuarthas maoiniú €140,500 ón NRA do scéimeanna ar N55 Cor Garrymore, N55 Cor Lacken agus N87 Cora Cranaghan. Leanadh den dhearadh agus fáil talún do scéim N3 Príomhshráid Achadh an Iúir. Ina theannta san tharla obair fheabhsúcháin ar bhaic éagsúla sábháilteachta feadh an ghréasáin náisiúnta ar chostas €32,915.

## Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Fuarthas maoiniú €198,300 do chúig Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal; R165 Sráidbhaile Sraith an Domhain, R165 Leamhach Dún an Rí, R188 An Cabhán An Muinchille, R194 Achadh an Iúir Fiodh an Átha R205 Béal Átha Conaill Béal an Átha Móir.

## Dualgais Rialachais a chur i bhfeidhm

Tá fodhlíthe páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Tairbirt, An Muinchille agus Achadh an Iúir. Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill. Bhíodh luasteorann i bhfeidhm ar láithreacha áirithe chun an clár oibreacha bóthar a éascú. Bhí gá leis sin ar son sábháilteachta le linn tréimhse na n-oibreacha.

## Páirtíocht leis an bPobal

Bíonn an Roinn Bóithre agus Iompair de shíor ag díriú ar phlé leis an bPobal maidir le feabhsúchain ar bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha agus ar lánaí príobháideacha.

## Scéimeanna Pobail Comhfhiontair

Ligeann an Scéim Pobail Comhfhiontair CIS) d'oibreacha ar bhóithre áitiúla poiblí sa chontae. Faoin scéim úd, i gcás bóithre nach ndéanfaí athchóiriú go ceann tamaill, bíonn ar an bpobal 20% den chostas um neartú agus deisiú bóthair a íoc. Is í an Chomhairle Contae a chuireann na hoibreacha úd i gcrích. Tharla 37 scéim ar chostas iomlán €996,000, b'shin deontas €797,000 agus an fuílleach 20% €199,000 ó mhuintir na háite.

## Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Coimeádadh €260,000 ón Deontas Cothabháil Údarás Aitiúla ar Togra i 2014, rud a lig dúinn ceithre scéim a chríochnú i rith na bliana.

## Tascairí Seirbhíse

Caithfear an leas is fearr a bhaint as acmhainní sa Roinn Bóithre agus Iompair. Is féidir an scéal a mheas go hoibiachtúil trí na Táscairí Seirbhíse. Anso thíos tá na Táscairí Seirbhíse do Bhealaí Réigiúnacha agus Áitiúla don bhliain 2014:

| **Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a feabhsaíodh is a cothaíodh faoin gClár um Athchóiriú Bóithre in aghaidh bliana** | |
|---|---|
| Bóithre Áitiúla | 217.80 |
| Bóithre Réigiúnacha | 39.7 |
| **Iomlán** | **257.58** |
| **Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a tógadh faoin Scéim Deontas um Fheabhsúcháin ar leith in aghaidh bliana** | **K** |
| **Bóithre Áitiúla (Cm) *** | **0.00** |
| **Bóithre Réigiúnacha (Cm)**** | **2.42** |
| **Iomlán (Cm)** | **2.42** |

*Níor dáileadh aon mhaoiniú do bhóithre áitiúla.
** I gceist ansiúd bhí oibreacha dearadh agus fáil talún.

## Coistí Polasaí Straitéiseach

Tá liosta ball na gCoistí Polasaí Straitéiseach (SPC) ar leathanaigh 19-22. Bhí trí chruinniú ag an SPC i rith na bliana:

1. Clár Oibreacha Bóthair
2. Drochaimsir
3. Maoiniú
4. uirear Teaghlaigh
5. Athleasú ar Oiriúnacht Feithiclí Tráchtála
6. Sábháilteacht ar na Bóithre
7. Soilsiú Poiblí
8. Fodhlíthe Páirceála
9. Luasteorainneacha
10. Bonneagar Turasóireachta
11. Gearradh Fála
12. Scéimeanna Páirtíocht Phobail

## Sa Roinn Tithíochta

Déantar cóiríocht a sholáthar dóibh siúd a mbíonn sí uathu go fadtéarmach.
Cuirtear Tithe Inacmhainne ar fáil dóibh siúd nach acmhainn dóibh ceannach ar an margadh oscailte.

- Stiúraítear agus cóiritear Ttithíocht na Comhairle agus spreagtar tionóntaithe i leith na gcúraimí céanna.
- Tugtar Iasachtaí do dhaoine le tithe a cheannach dóibh féin.
- Cuirtear cóiríocht ar fáil don Lucht Siúil.
- Provides housing for Travellers
- Déantar próiseas ar iarratais ar Dheontais do Lucht Míchumais agus do Chúnamh Tithíochta Seanóirí.
- Cabhraítear leo siúd a mbíonn teach uathu go fadtéarmach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos do lucht Faighte Liúntas Cíosa Forlíontach.

| | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Líon Tithe ar Cíoss | 142 | 115 | 160 |
| Lion Síntí Críochnaithe | 1 | 0 | 0 |
| Líon Oibreacha faoin Scéim Feabhsúchán | 0 | 0 | 0 |
| Líon Tithe Díolta | 5 | 5 | 4 |
| Líon Iarratas faoin Scéim Cheannaigh do Thonóntaithe | 22 | 1 | 1 |

Tá liosta ball na gCoistí Polasaí Straitéiseach (SPC) ar leathanaigh 19-22. Bhí dhá chruinniú ag an SPC i rith na bliana.

## Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil

Faoi Alt 21 agus 22 d'Acht 1998, bhunaigh Comhairle Contae An Chabháin An Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil chun teagmháil idir na hÚdaráis Tithíochta agus an Lucht Siúil a éascú agus chun comhairle a fháil faoi gach aon ghné de chóiríocht don lucht siúil.

Bunaíodh Coiste nua um Chóiríocht don Lucht Siúil tar éis na dToghchán Áitiúla mí Bealtaine.  Tharla dhá chruinniú agus pléadh na topaicí seo a leanas:

- An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018
- An Scéim Dáileadh Tithíochta
- Treoracha um Obriú an choiste Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil
- Fadhbanna Lucht Siúil maidir le cóiríocht phríobháideach ar cíos
- Baic a chur suas ag eastáit Lucht Siúil ag Townparks, An Cabhán

## Ballraíocht an Choiste:

**Baill Tofa:** Comhairleoir Eugene Greenan (Cathaoirleach), Comh Damien Brady, Comh John Paul Feeley  agus Comh Paddy Smith.

**Ionadaithe an Lucht Siúil:** Teresa Mongan, Thomas Maughan, Bernard Joyce , Michael McDonagh and Mary Stokes.

**Oifigigh Comhairle:** Joe McLoughlin, Stiurthóir Seirbhísí, Philip Coleman, Innealtóir Sinsearach, Orla Brady, Oifigeach Riaracháin agus Emer Coveney, Pobal agus Fiontar.

## An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018

Tharla comhairliúcháin le háisínteachtaí éagsúla, Gluaiseacht Lucht Siúil An Chabháin agus ionadaithe lucht siúil maidir leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014 – 2018 a ullmhú.  Pléadh an dréachtchlár ag cruinnithe den Choiste Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus den Ghrúpa Idiráisínteachtaí Lucht Siúil.  Glacadh leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014 – 2018 ag cruinniú na Comhairle Contae mí Aibreáin.

## Deontais Tithíochta

- Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais:  chun cóiríocht a sholáthar/chur in oiriúint de réir gá i gcás duine a bhíonn faoi mhíchumas.

- Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta:  chun cóiríocht a chur in oiriúint má bhíonn fadhbanna gluaiseachta de dheasca seanaoise.

- Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí:  dírítear ar chóiríocht a fheabhsú de réir gá do lucht scothaosta a bhfuil teach cheana féin acu.

Caiteachas iomlán €1,304,688:

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|
| Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais | 34 | € 454,994 |
| Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí | 80 | € 610,335 |
| Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta | 47 | € 239,359 |

## Bainistiú Eastát Tithíochta

Feidhmíonn an Roinn Tithíochta sa Chabhán i bpáirt le tionóntaithe trín Oifigeach Teagmhála Tithíochta (HLO). Spreagtar tionóntaithe lena bheith gníomhach i saol an phobail trí chomhoibriú le comharsana agus trí chumainn áitritheoirí.

Faoi láthair tá 105 cumann áitritheoirí cláraithe go hoifigiúil in eastáit Chomhairle Contae an Chabháin. Oibríonn siad i bpáirt leis an gcomhairle maidir le cúram spás poiblí agus mar shaorálaigh a fheabhsaíonn dreach an cheantar áitiúil acu féin. Tugann an Roinn Tithíochta deontais do na grúpaí áitritheoirí agus iarrann orthu cur isteach ar Chomórtas bliantúil Gradam na nEastát.



Doonbeg, Béal Átha Chonaill

Tharla Oíche na nGradam do na cumainn áitritheoirí ar an Máirt 19 Samhain 2013 i Seomra na Comhairle sa Chabhán. Bhronn an Cathaoirleach Shane P O'Reilly na duaiseanna i gcatagóirí éagsúla. Bhí postaerí déanta ag roinnt Grúpaí Eastát chun oibreacha feabhsúcháin a bhí déanta i rith na bliana maraon leis an bpáirt a bhí ag an óige agus comharsana a léiriú.

Ba iad seo a leanas na catagóirí: Eastát is fearr, Teach agus Gáirdín is fearr, Grúpa Óige agus Príomhghné Suntasach in Eastát.

## Buaiteoirí Gradam Eastát Tithíochta:

**Ceantar Bardasach An Cabhán agus Béal Tairbirt: Eastát is fearr: Catagóir A**

- Céide Sean Lee, Béal Tairbirt
- Doonbeg, Béal Átha Chonaill

**Eastát is fearr: Catagóir B**

- Cloneary, Teampall an Phoirt
- Portaliffe, Cill na Seanrátha

**Príomhghné Suntasach in Eastát**

- Cloneary 'Lake View'

**Ceantar Bardasach Coill an Chollaigh & An Muinchille: Eastát is Fearr: Catagóir A**

- Drom Mór, An Muinchille
- Twin Oaks, Coill an Chollaigh

**Eastát is fearr: Catagóir B**

- Bóthar an Phortaigh, Béal Átha hÉis
- Fairymount, Dún an Rí

**Príomhghné Suntasach in Eastát**

- Drumnaveil, An Muinchille 'Drumlin View'

**Ceantar Bardasach Baile Shéamais Dhuibh: Eastát is fearr: Catagóir A**

- Cill Mhór, Baile Shéamais Dhuibh
- Rathdrum, Achadh an Iúir

**Eastát is fearr: Catagóir B**

- Cois Truas, Béal Átha na nEach
- Rae Marian,

**Príomhghné Suntasach in Eastát**

- Ardkill, Béal Átha na nEach 'Entrance Railings'



Eastat Cill Mhór

## Duaiseanna Móra

**Teach agus Gairdín is fearr:** Michael agus Pauline McDonagh, Doonbeg, Béal Átha Chonailll

**Grúpa Óige is fearr:** Rathdrum, Achadh an Iúir 'Ghost Tepee'

## Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Soláthraíonn an Scéim um Chóiríocht ar Cíos tithíocht go fadtéarmach dóibh siúd a fhaigheann an liúntas cíosa forlíontach (ar feadh breis is 18 mí) trí thithe a fháil dóibh san earnáil phríobháideach nó trí bhearta eile um thithe soisialta.

Bíonn an teach ar cíos ag an gComhairle ón úinéir agus íocann an tionónta cíos leis an gComhairle. Déantar an Cíos Forlíontach a chúiteamh linn ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Faoi dheireadh na bliana bhí 53 tionónta RAS i dtithe deonacha agus 471 i gcóiríocht ar cíos ó úinéirí príobháideacha.

## Tionscadail Léas Sóisialta

Leathnú é seo ar an rogha atá ag Údarás Áitiúil maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar. Faightear áitribh ar léas ón earnáil phríobháideach do theaghlaigh a bhíonn ar liostaí feithimh. Dáiltear na tithe ar thionóntaithe de réir scéim dáileadh an Údarás Áitiúla.
Ar an gcuma san agus faoin Scéim um Choiríocht ar Cíos éascaítear cúrsaí iarratas tithíochta do thionóntaithe Údarás Áitiúla. Faoi dheireadh na bliana bhí 12 tionónta ar Léas i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

## Foirgníocht Tithíochta

Roinneadh an Dáileadh Caipitiúil um Fhoirgníocht Tithíochta €2,415,397 mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Clár Foirgníocht/Fála Tithíochta | €1,334,962 |
| (ii) | Scéim Dheonach um Iasacht Chaipitiúil is Fóirdheontas (CLSS) agus Scéim um Chúnamh Caipitiúil (CAS) | € 97,500 |
| (iii) | Clár Aischóíiriu Fuinnimh | € 850,318 |
| (iv) | Clár Folús | € 349,000 |
| (v) | Deontais/Sínte do Lucht Míchumais | € 152,122 |
| | **Iomlán** | **€2,415,397** |

## Tithíocht Shóisialta

Críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas faoin gClár Feabhas ar Thithíocht Shóisialta:

- Tógadh 5 aonad ag Derrylurgan, Baile Shéamais Dhuibh
- Ceannaíodh 9 aonad in áiteanna éagsúla
- Fuarthas tairiscintí do 6 aonad ar an Mullach

## Scéim um Aischóiriú Fuinnimh

Faoin Scéim um Aischoiriú Fuinnimh rinneadh uasghrádú ar 534 aonad in áiteanna éagsúla ar fud an chontae a chuimsigh na hoibreacha seo a leanas:

- Teasdíonadh Áiléar agus Ballaí
- Díonadh Siorradh
- Deimhniú um Fheidhmiú Fuinnimh

## Folúis

Críochnaíodh oibreacha ar 17 aonad faoin Scéim Folús.

## Tithíocht Dheonach

Faoin Scéim Tithíocht Dheonach cheannaigh Cumann Tithíochta Tuath 2 aonad ag Castlemanor, An Cabhán. Ar an iomlán sin 19 aonad ar fad ceannaithe ag Castlemanor faoin scéim seo.

# Seirbhís Dóiteáin

Faoi láthair tá 80 Comhraiceoir áirithe Tine fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin sa 10 stáisiún ar fud an chontae. D'imigh triúr ar scor i mbliana ach níor earcaíodh éinne. Táthar ag iarraidh go mbeidh 94 duine ar an bhfoireann iomlán agus fógraíodh na folúntais go léir atá sna 10 staisiún le súil iad a líonadh go luath i 2015.

Tharla 416 freagairt do ghlaonna i rith na bliana. Bhí eachtra marfach amháin de dheasca dóiteáin agus ceann eile de dheasca timpiste bóthair. Ba é 5.17 nóiméad chuig tine agus 5.05 nóiméad chuig eachtraí eile an meán-am slógadh briogáide. Fuarthas €138,531 mar mhuirir bhriogáid dóiteáin.



Oiliúint um Stiúradh Trácht ar Bhóthar

## Clár Caipitiúil

Níor dáileadh aon mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'Fhearais Dóiteáin ná do Stáisiúin Dóiteáin faoin gClár Caipitiúil. Tá dhá láthair ar fáil do stáisiúin nua i mBaile Shéamais Dhuibh agus in Achadh an Iúir is cead i bprionsabal faighte ón Roinn. Tá na cáipéisí conartha do Stáisiún nua Achadh an Iúir ag an Roinn faoi láthair sula ndéantar tairiscint. Tharla comhráití maidir le Stáisiún Dóiteáin Bhaile Shéamais Dhuibh agus aontaíodh go mbeadh an plean céanna ann don dá stáisiún ach mionathruithe a chur ar leagan amach an tsuímh.

## Slógadh Seirbhísí Dóiteáin

| Saghas | Líon Glaonna | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glaol** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** |
| Simné Tí | 54 | 61 | 51 | 49 | 64 | 40 |
| Tinte eile Tí s | 54 | 43 | 25 | 37 | 36 | 40 |
| Tinte eile | 63 | 61 | 43 | 24 | 37 | 35 |
| Portaigh/Coille | 21 | 112 | 63 | 16 | 38 | 12 |
| Feithiclí Mótair | 42 | 34 | 28 | 18 | 23 | 25 |
| Timpisti Tráchta | 88 | 85 | 62 | 57 | 55 | 82 |
| Tuilte | 22 | 20 | 22 | 15 | 8 | 15 |
| Eachtraí Ceimiceach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí | 181 | 154 | 199 | 191 | 194 | 147 |
| Glaonna Bréige (go Macánta) | 78 | 59 | 33 | 33 | 20 | 19 |
| Glaonna Bréige (go Mailíseach) | 11 | 9 | 3 | 16 | 4 | 1 |
| **Iomlán Glaonna** | **614** | **638** | **529** | **456** | **479** | **416** |

## Pleanáil Mhóréigeandála

Is é Teach na Cúirte an Chabháin an Lárionad Comhordaithe i gcás móréigeandála sa Chontae. Tástáladh an trealamh cumarsáide agus baineadh úsáid as an ionad do chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha is an Grúpa Oibre um Mhóréigeandáil Réigiúnach.

## Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála

I 2009 thosaigh an Stiurthóireacht Náisiúnta ar dhoiciméid Treoir náisiúnta um Chaighdeáin Oibríochta (SOG) a ullmhú. Tá sé i gceist iadsan a fhorbairt do thart ar 50 cineál eachtra. Ní mór na SOG a mhúnlú is a mhaolú de réir riachtnanas áitiúla. Go dtí seo eisíodh 47 SOG ar bhonn náisiúnta agus iad go léir déanta ag Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin. Forbróidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta na SOG eile i 2015.

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta "Sábháilteacht Phobal" a mhíníonn an cúram atá ar an Stiúrthóireacht na seirbhísí dóiteáin a fhorbairt ar bhonn caighdeán seasta agus margadh maith. Leagfar síos gnímh lárnacha sa Chreat Forbartha Náisiúnta 2010-2015. Sa Chreat úd mínítear ceisteanna mar athbhunú struchtúr, ról na seirbhísí dóiteáin sa tsochaí, straitéisí agus caighdeáin éifeachtúlachta agus próisis um chinnteacht cháilíochta. Leagtar síos an cur chuige, na caighdeáin agus an tsúil do sholáthar seirbhísí dóiteáin ag údaráis áitiúla agus beidh dúshlán ann na spriocanna a bhaint amach faoi dheireadh na tréimhse don chur i gcrích mí na Nollag 2015.

## Oiliúint

Reachtáladh cúrsaí oiliúna in iompar dóiteáin urrainne, ardscileanna tiomána, garchabhair (CPR), smachtú trácht éigeandála, athnuachan goireas anála, láimhseáil, taismí bóthair, orduithe briogáide, sábháilteacht oibre, sábh slabhra, obair ar ard, cothabháil goireas anála, tacaíocht CISM, feasacht réamheachtra CISM agus teagascóir um chóras aerchúr dlúite.

Bhí oiliúint a mhair 2.25 uair trí oíche in aghaidh míosa ag gach briogáid. D'fhreastail roinnt oifigeach sóisir ar Chursaí Stiúrthóireacht Náisiúnta Aonad 1, Aonad 2, Teagascóir agus Ábhar Guaiseach. D'fhreastail an hOifigigh Shinsir ar chúrsaí innealtóireacht agus oibríochta. Bíonn dualgas trom anois ar an Seirbhis Dóiteáin acmhainní a sholáthar idir fhearas, breis oiliúna agus taithí de bhar Sláinte agus Sábháilteacht agus an Treoir um Chaighdeáin Oibríochta.




## Coisctheacht Dóiteáin

Rinneadh cigireacht bhliantúil de réir dualgas reachtúla ar óstáin, tithe tábhairne, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitril. I measc dualgais na ranna tá iarratais ar ábhar guaiseach, tinte ealaíona, ceadúnais bhiotáillí is damhsa, clubanna agus Ceadúnais Chrannchur is Imeartha a phróiseáil.

Leanadh de chlár coisctheachta trí fheabhsú sábháilteacht foirgneamh agus trí oideachas a chur ar an bpobal maidir le riachtanais bhunúsacha. Déanann an tseirbhís dóiteáin iarracht ar chuairt a thabhairt ar an dtríú rang i ngach aon bhunscoil in aghaidh bliana. Tugadh cuairt ar 80 scoil agus dáileadh pacáistí eolais orthu go léir.

Faoi na Rialacháin (Rialaithe) Foirgníochta caithfear Deimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin a fháil chun foirgneamh seachas teach cónaithe nó foirgneamh talmhaíochta a thógáil, chun síneadh a chur nó chun athruithe ábhartha a chur i gcrích. Ar an iomlán fuarthas 55 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin agus táillí €65,900.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Bheartaigh an tseirbhís dóiteáin an córas OHSAS 18001 um bhainistiú sláinte agus sábháilteacht gairme a chur i bhfeidhm agus tosaíodh ar Lámhleabhar nua Sábháilteachta chomh maith le polasaithe agus measúnú riosca in ionad an ráiteas sláinte agus sábháilteacht atá cheana féin againn.

## Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as seirbhísí Cosaint Shibhialta a sholáthar ar bhonn áitiúil trín Oifigeach agus an Leas-Oifigeach Cosaint Shibhialta. Tagann 70% den chaiteachas neamhchaipitiúil ón mBord Chosaint Shibhialta agus 30% ón Údarás Áitiúil. Eagraíocht saorálach is ea Cosaint Shibhialta a thacaíonn leis an seirbhísí éigeandála agus le pobail áitiúla. Cláraíonn na baill in eaagraíocht náisiúnta ach bíonn siad ag freastal ar a bpobal féin.

Bhí Cosaint Shibhialta thar a bheith gnóthach arís i mbliana agus clúdaiodh breis is 130 ócáid. Orthusan bhí móran ócáidí poiblí mar Cheolchoirm na Sláine, Giro d'Italia, Blas an Chabháin, An Fhleadh Cheoil i Sligeach chomh maith leis na cluichí cáilithe agus craobh an Chontae i bPáirc Bhréifne.

Thug na Teagascóirí Cosaint Shibhialta an Oiliúint um Chéadfhreagairt Chairdiach do na Comhraiceoirí Tine agus reachtáil 12 rang taismeachta, rang Seirbhís Chúnta Dóiteáin agus rang Bádóireachta do Shaorálaigh gach seachtain ach amháin i rtih an tsamhraidh. Bhí siad páirteach i gcuardach amháin, ghlac páirt mar lucht gortaithe sa bhfreachnamh mór a bhí ag Údarás Aerfort Átha Cliath i dTigh na Sióg, d'eagraigh a bhfreachnamh féin i gCoillidh Chaoin chun seirbhísí a thástáil agus lá oiliúna sa cheannáras i Rathcorrick sa Chabhán.



An Freachnamh i gCoillidh Chaoin

Mí na Samhna bhronn An tUas. Paul Kehoe T.D., Aire Stáit sa Roinn Cosanta boinn nua fadseirbhíse ar 3 Saorálach Cosaint Shibhialta mar aitheantas do sheirbhís 30, 40 agus 50 bliain seirbhíse.

# Pleanáil/Forbairt Eacnamaíoch, Seirbhísí Uisce, Dramhaíl agus Comhshaol

Tá an Roinn Pleanála freagrach as na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2000 agus as na Rialacháin um Phleanáil agus Forbair(Leasú)t 2001 a chur i bhfeidhm. Tá ceithre réimse oibre ag an Roinn Pleanála:

- Pleanáil ar Aghaidh
- Bainistíocht Fhorbartha
- Oidhreacht
- Géilliúlacht/Forfheidhmiú Forbartha agus Rialú Foirgníochta

**Pleanáil ar Aghaidh:** Ghlac an Chomhairle Contae le Plean Forbartha Chontae an Chabháin 2014-2020 ag cruinniú ar an Luan 12 Bealtaine agus bhí feidhm leis ar an Luan 9 Meitheamh 2014. Glacadh le Plean Baile an Chabháin agus an Ceantar Máguaird 2014-2020 ag cruinniú de Chomhairle Baile an Chabháin, mar a bhí, ar an Luan 21 Bealtaine agus bhí feidhm leis ceithre sheachtain ina dhiaidh sin.

Go ceann sé bliana cuirfidh an Roinn Pleanáil ar Aghaidh polasaithe agus cuspóirí an dá phlean úd i bhfeidhm. I measc rudaí eile, cuimseofar:

- Stratéis Mhiondíola a ullmhú
- Measúnú Baol Tuilte
- Straitéis Fuinnimh Inathnuaite don Údaras Áitiúil (LARES) agus cláir mhonatóireachta is measúnaithe do Straitéis Lárnach an Phlean Fhorbartha agus do na Polasaithe um Thithíocht faoin dTuath.

**Iarratais Phleanála:** Fuarthas 351 iarratas nua pleanála, méadú 25% ó anuraidh. Don chuid is mó baineadh le forbairtí beaga mar thithe aonair, sínte le tithe, garáistí tí nó le struchtúir a choimeád mar a bhí.
Bhí líon áirithe iarratas ar uasghrádú nó ar shíneadh le forbairtí trachtála, tionsclaíoch éadrom agus miondíola. Lorg 99 duine Síneadh Tréimhse Ama maidir le hiarratas. Fuarthas 81 iarratas nua.

**Clár Suíomh Tréigthe:** Aithníodh 40 Suíomh Tréigthe.

**Glacadh mar Mhuirear:** Go dtí seo glacadh go foirmiúil le 12 eastát. Maidir le 13 cinn eile tharla uasghrádú go caighdeán a bheadh oiriúnach dona nglacadh mar mhuirear. Níor glacadh le haon eastát mar mhuirear i 2014.

**Eastáit Tithíochta gan Chríochnú:** Tháinig laghdú ar líon na n-eastát gan chríochnú ó 68 go 60. Bíonn an fhoireann um Ghéilliúlacht Fhorbartha ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil lena chinntiú go mbeirtear na heastáit úd go caighdeán a bheadh oiriúnach dona nGlacadh mar Mhuirear.

**Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha:** Baineann an scéim le hiarratas a dheonaítear sa Chontae agus oibrítear í mar a glacadh léi. Ar an iomlán bailíodh €775,866.52 (glan) mar ranníocaíochtaí forbartha i rith na bliana 2014.

Leanann an Fhoireann Ranníocaíochtaí Forbartha na ranníocaíochtaí forbartha trí chuntais a leanúint agus trí shonrasc a eisiúint nuair a fhaightear fógra tosach feidhme. Déantar seiceáil freisin ar cheadanna a tugadh ó 2004 i leith sa chás nár seoladh aon fhógra tosach feidhme mar ní mór a fháil amach ar tharla an fhorbairt. Lorgaítear an ranníocaíocht fhorbartha nuair is cuí.

Géilliúlacht/Forfheidhmiú Forbartha agus Rialú Foirgníochta: Sa Roinn Pleanála, Géilliúlacht, Forfheidhmiú agus Rialú Foirgníochta leantar de mhonatóireacht agus de chigireacht lena chinntiú go gcloítear leis na Rialacháin Fhoirgníochta agus Coinníollacha Pleanála.

Sa Rannóg Fhorfheidhmithe scrudaíodh 57 cás maidir le gearáin i 2014. Socraíodh 7 cás tar éis comhráití. Eisíodh 28 litreacha rabhaidh agus thosaigh 4 forfheidhmiú trí Fhógra Forfheidhmithe. Níor cuireadh an dlí ar éinne i 2014. Baineann mórán cásanna le cead pleanála um struchtúr a choimeád. Scrúdaigh an Rannóg Fhorfheidhmithe na 57 gearán laistigh den tréimhse reachtúil sé seachtaine.

## Oidhreacht Chontae an Chabháin

Leanann an Oifig Oidhreachta d'oidhreacht Chontae an Chabháin a chur chun cinn is a fhorbairt trí pholasaithe a chur i bhfeidhm agus trí thionscnaimh a chuireann leis an bhfeasacht ar fud an chontae. Cuirtear i bhfeidhm tionscnaimh áirithe um phlean oidhreachta a mhaoinítear trín gComhairle Oidhreachta. Oibrítear freisin ar bhonn ilearnála chun an fheasacht a scaipeadh m.sh. Féile Siúlóide an Chabháin, Oíche Chultúrtha 7rl.

Fuarthas deontas €25,000 ón gComhairle Oidhreachta chun Tionscnaimh um Phlean Oidhreachta a chur i gcrích. Tá achoimre gearr orthusan anso thíos:

## Caisleán Cloch Locha Uachtair: Fianaise ar na Céadta Biain i Stair na hÉireann

I 1987 thug Con Manning, Seandálaí Sinsear sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta (DAHG) faoi thochailtí ar shuíomh Cloch Locha Uachtair. I 2014 cuireadh a dtoradh siúd le chéile agus foilsíodh mar leabhar. I gcomhar le Músaem Contae an Chabháin d'fhorbair an Oifig Oidhreachta taispeántas buan oideachasúil idirghníomhach a choimeádfar sa Mhúsaem. Tugtar léiriú iontach ar na pearsain mhóra a bhain le stair an chaisleáin m.sh. Eoghan Rua Ó Néill, An tEaspag Bedell, Cromwell 7rl.



Seoladh Caisleán Cloch Locha Uachtair: Fianaise ar na Céadta Biain i Stair na hÉireann

## Bealach Órga an Chabháin

I 2013 fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta chun an Comórtas Míle Órga a athbhreithniú is a mheas. Dá réir sin tugtar Bealach Órga an Chabháin anois air. Dírítear ar shaothrú le grupaí áitiúla chun radhairc bhóithre tuaithe agus siúlóidí a aithint. Cuirtear deachleachtas chun cinn maidir le gnéithe oidhreacht na tuaithe a aithint is a bhainistiú. Aithnítear na hiarrachtaí a bhíonn déanta ag pobail áitiúla maidir lena leithéid d'oidhreacht a chaomhnú.



Bealach Órga Loch an Chaisleáin, Coill an Chollaigh

## Tionscnamh Réigiúnach Claí na Muice Duibhe (BPD): Céim 1

Seo Comhthionscnamh sa Phlean Oidhreachta contae idir An Cabhán, Longfort, Ros Comáin agus Muineachán. Tá sé i gceist go príomha tuiscint ar Chlaí na Muice Duibhe (BPD) a chur chun cinn ar bhonn reigiúnach trín eolas agus taighde ar fad go dtí seo a bhreith le chéile. Táthar chun réimse an BPD agus a bhfuil faoin gcré a chinntiú agus a léarscáiliú, bearnaí sa taighde a aithint agus tús áite a thabhairt do thaighde agus do shaothar ar an láthair amach anseo. D'éirigh go breá le céim a haon agus leanfar go céim a dó i 2015.

## Seachtain Náisiúnta Oidhreachta i gContae an Chabháin

Tharla Seachtain Náisiúnta Oidhreachta ón Satharn 23 go dtí an Domhnach 1 Lúnasa. Tugtar deis cur le feasacht oidhreachta agus spreagtar pobail áitiúla lena bheith bródúil as a gceantar féin agus as pé oidhreacht a bhaineann leis. Tharla mórán imeachtaí ar fud Contae an Chabháin idir Músaem an Chontae is Pairc Bhoireann an Chabháin agus mórán láithreacha eatarthu siúd.

## Grianstad an tSamhraidh i bPáirc Bhoireann an Chabháin

In ómós d'oscailt Páirc Bhoireann an Chabháin, in éineacht le ranna eile i gComhairle Contae an Chabháin, bhí ról lárnach ag Oifig Oidhreachta an Chabháin san ócáid mhór oscailte. Ceiliúradh ar an oidhreacht a bhí ann gan dabht agus é an-oiriunach do theaghlaigh. Bhain breis is 1,000 duine leas agus sult as an ócáid.

## 'Ag Freagairt don Áilleacht': An Oifig Oidhreachta agus an Oifig Ealaíon

Comhthionscadal ab ea é seo idir an oifig ealaíon agus an oifig oidhreachta. Bhí sé d'aidhm againn ceangal buan a bhunú leis an dtírdhreach iontach atá sa Geopháirc in Iarthar an Chabháin. Mí na Samhna taispeánadh sa Chabhán an saothar ealaíon a d'eascair as an dtionscnamh. Tharla ceardlanna do roinnt bunscoileanna agus meánscoileanna agus labhair na healaíontóirí leis na daltaí.



Oíche Chultúrtha, Ionad Búdaíoch Jampa Ling, An Bábhun Buí

## Féile Siúlóide an Chabháin

Tá an-rath ag teacht ar fhéile Siúlóide an Chabhain ó bhliain go chéile. Maítear go mbíonn sceideal leathan siúlóidí agus rud éigin ann do chách. Bhí an Oifig Oidhreachta go mór chun tosaigh anuraidh nuair a eagraíodh siúlóidí bunaithe ar an oidhreacht, san áireamh bhí cór sa duifean agus siúlóid teaghlaigh sna coillte.



An tAire Heather Humphreys i láthair nuair a seoladh an taispeántas 'Ag freagairt don Áilleacht'

## Féile Siúlóide an Chabháin

Tá an-rath ag teacht ar fhéile Siúlóide an Chabhain ó bhliain go chéile. Maítear go mbíonn sceideal leathan siúlóidí agus rud éigin ann do chách. Bhí an Oifig Oidhreachta go mór chun tosaigh anuraidh nuair a eagraíodh siúlóidí bunaithe ar an oidhreacht, san áireamh bhí cór sa duifean agus siúlóid teaghlaigh sna coillte.

## Clár Deontas na Comhairle Oidhreachta

Bhronn An Chomhairle Oidhreachta maoiniú ar dhá thionscnamh. Faoin scéim um bhainistiú oidhreachta, bronnadh deontas chun tuairiscí caomhnaithe a ullmhú do Mhainistir na Tríonóide, Cill na Seanrátha agus Mainistir Gallon, Cillín Chéir, Contae an Chabháin.

## Scéim Luamhán Post Oidhreacht Ailtireachta

Spreag an Scéim Luamhán Post Oidhreacht Ailtireachta caipiteal príobháideach a infheistiú i roinnt tionscnamh beag diansaothar chun struchtúir stairiúla a dheisiú is a chaomhnú, ar an gcuma san tacaítear le lucht oilte proifisiúnta, le ceardaithe is le gnóthaí ceirde. Fuair 11 struchtúr cosanta maoiniú €94,000 faoin scéim ar an iomlán.

## Coiste um Bheartas Straitéiseach Pleanála:

Tharla trí chruinniú agus pléadh na ceisteanna seo a leanas:

1. Leargas ar Rialacháin nua Foirgníochta

2. Dréachtphlean Forbartha Cóntae 2014 – 2020 agus Dréachtphlean Baile an Chabháin agus an Ceantar Máguaird 2014-2020

3. Buneolas Pleanála

4. Clár Tacaoise an Chabháin mar chuid den dTionscadal Tacaoise

5. Glacadh mar Mhuirear agus Eastáit gan Chríochnú

Tá liosta ball na gCoistí Polasaí Straitéiseach ar leathanaigh 19-22.

## Seirbhísí Uisce

Arhrú an-tapaidh agus níos mó ná mar a tharla riamh cheana sna seirbhísí uisce ab ea an trasnú go hUisce Éireann i 2014. Ghlac seribhísí Uisce Comhairle Contae an Chabháin le dúshláin an chomhshaoil nua oibríochta. Tá An Cabhán go mór chun tosaigh maidir le creat a mhúnlú is a sholáthar chun aon leas a bhaint as feabhas ar an ngeilleagar.

Ó mhí Eanáir i leith is iad Uisce Éireann atá i bhfeighil seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) 12 bliana i bhfeidhm don soláthar seirbhísí i 2014 agus ar aghaidh.

Cuireadh tús le clár leathan oiliúna d'fhoireann Chomhairle Contae an Chabháin i 2013 agus lean ar aghaidh isteach i 2014. Bhain an oiliúint le cuid mhór prótacal agus le córais nua TÉ.

Féachtar ar uisce mar 'sócmhainn sóisialta' agus tacaíonn seirbhísí uisce leis na gnéithe uilig um fhorbairt inmharthana (eacnamaíocht, sóisialta agus comhshaoil).

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a sholáthar ar fud an chontae. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag an roinn :

- a chinntiú go mbíonn dóthain uisce ar chaighdeán cuí ag custaiméirí idir theaghlaigh, tionscail, lucht talmhaíochta agus eile.

- dóthain córas séarachais a sholáthar chun séarach agus dramhaíl eile ar uisce a dhiúscairt go sábhálta.

- an bonneagar a chinntiú chun an dá aidhm thuasluaite a chur i gcrích.

- seirbhís sofhreagrach agus éifeachtach a sholáthar don chustaiméir ag am ar bith.
- fás agus forbairt sa todhchaí a phleanáil.
- na haidhmeanna thuasluaite a chur i gcrích agus margadh maith a thabhairt don chustaiméir.

Tá 17 cinn de Scéimeanna Uisce Poiblí sa Chontae agus 8 cinn ag brath ar Ghrupscéimeanna Príobháideacha. Tá 26 fearas cóireála fuíolluisce sa Chontae.

## Táscairí Seirbhíse

Déantar tástáil ar sholáthar Uisce Poiblí is ar eisiltigh ó na fearais choireála fuíolluisce i saotharlann chreidiúnaithe na Comhairle. Baineann táscairí seirbhíse na Roinne le géilliúlacht do na Rialacháin um Uisce Inólta 2007.

Is iad seo a leanas na figiúirí do na Scéimeanna Poiblí:

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Géilliúlacht | 98.8 | 97.8 | 98.4 | 98.8 | 99.1 | 98.4 | 98.5 | 99.1 |

## Soláthar Caipitiúil

Trí chomhoibriú i bpáirt le hUisce Éireann lean Comhairle Contae an Chabháin den Chlár Caipitiúil a sholáthar agus den uasghrádú riachtanach a aithint ar an mBonneagar Seirbhísí Uisce lena chinntiú go leantar de sheirbhís a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil in éineacht.

## Conarthaí atá le tosú i 2015

| | |
|---|---|
| Scéim Soláthar Uisce Dún an Rí Conradh 2 Príomhphíopaí Crochta | €1,200,000 |
| Fearas nua Cóireála agus Taischumar Dún an Rí | €2,400,000 |

## Conarthaí a dTógáil faoi láthair i 2014

| | |
|---|---|
| Uasghrádú ar Fhearas Cóireáil Séarachais An Chabháin | €11,000,000 |
| Scéim Séarachais an Chabháin Conradh A | €7,000,000 |

## Conarthaí Críochnaithe i 2014

| | |
|---|---|
| Scéim Séarachais an Chabháin Conradh B | €550,000 |
| Scéim Soláthar Uisce Dún an Rí Conradh 1 Tobair Tóraíochta | €350,000 |

| | |
|---|---|
| Scéim Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin | €2,100,000 |
| Fearas Cóireála Uisce Bhéal Átha Chonaill | €2,000,000 |
| Caomhnú Uisce (Béal Átha na nEach, Cill na Leice, Béal Átha Chonaill) | €1,200,000 |

Trí chomhoibriú i bpáirt le hUisce Éireann, táthar ag súil go rachaidh Scéim Soláthar Uisce An Mhuinchille ar aghaidh go céim tairiscint aguus tógáil i 2016.

## Oibreacha Freagartha

Tharla clár oibreacha ar fud an Chabháin ar luach €1,360,000. Tá figiúr an Uisce gan Chuntas (UFW) anois faoi bhun 35%.

## Grúpscéimeanna Uisce

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as riaradh deontas do Ghrúpsceimeanna uisce agus Séarachais faoin gClár Uisce Tuaithe sa Chabhán. Caitheadh **€90M** ar an gclár faoi dheireadh 2014 ó bhí an scéim faoi chúram áitiúla thiar sa bhliain 1997. Tá dul chun cinn iontach déanta le blianta beaga anuas i gcúrsaí Uisce Tuaithe agus buiséad **€450,000.00** ann do 2014. Is léir gur éirigh go breá leis an gcomhpháirtíocht a bhunaigh agus a stiúraigh Comhairle Contae an Chabáin le páirtithe leasmhara an Uisce Tuaithe agus torthaí an tsaothair úd le feiscint go soiléir.

## Caomhnú Uisce/Uasghrádú

Leathnaíodh an gréasán Clár Uisce Tuaithe an Chabháin chun fíoruisce a bheidh ar chaighdeán an AE a sholáthar le linn 2014 chomh fada agus ab fhéidir. Caitheadh iomlán €500,000.00 ar na beartais chéanna. Ar na grúpscéimeanna a maoiníodh sa chatagóir úd bhí: An Chliaifearna, Gleann na hÉirne, Cill Dallán, Gleann Ghaibhle, Taobh na nEas, Doire na Ceise, Bun Abha, Barrachadh/Farmoyle, Corlough, Droim Caoirigh, Doobally, CMM, Crois ar Loch, Na Pollaí, An Gabhlán, Kilsherdany agus Dhuish. I gceist sna hoibreacha bhí méadair nua ar fad chomh maith le córais teileaméadair mar áis do bhearta Caomhnú Uisce. I dtreo deireadh mí na Samhna fuair Comhairle Contae an Chabáin dáileadh breise **€100,000.00** faoin mbeartas seo agus cuireadh é sin leis na scéimeanna a bhí ina ghátar.

## Oibreacha Caipitiuil Athnuachana

Mí Deireadh Fómhair 2011 sheol Comhairle Contae an Chabáin tuairisc shonraithe chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a mhínigh costas athnuachan caipitiúil na scéimeanna cáilithe sa Chabhán go ceann an tréimhse cuí 20 bliana.

Don chuid is mó tá na scéimeanna a thagann faoi Dhearadh, Tógáil, Oibriú san ochtú bliain oibríochta ar a laghad agus dá bhrí sin tosaíodh ar oibreacha caipitiúla ar chuid díobhsan i 2014. Beidh deontas 85% ag dul do na hoibreacha cáilithe go léir.

## Maoiniú do Chosaint Foinse

Ar an iomlán aithníodh 12 Grúpscéimeanna Uisce a bheadh i dteideal cúnamh deontais do chéad chéim an phróisis pleanála um chosaint foinse. Go dtí seo cheadaigh an Chomhairle 10 scéim a chríochnaigh mar is cóir na staidéir chuí faoin gclár agus a fuair an cúnamh deontas a bhí ag dul dóibh.

Is iad seo a leanas na scéimeanna a fuair cunamh deontas a bhí mar €25,500.00 ar an iomlán: Gleann Éirne, Gleann Ghaibhle, Doire na Ceise, Barrachadh/Farmoyle, An Gabhlán, An tEanach, Na Bil/íLeamhach, Cros Domhnaigh, Doobally agus Milltown. Tá dhá scéim eile a mbeidh an staidéar déanta acu i 2015.

## Athruithe ar Shocruithe Fóirdheontas

Tá dhá shaghas fóirdheontas anois ann. Baineann Fóirdheontas A le costais ghinearálta chun grúpscéim a oibriú is a bhainistiú. Baineann Fóirdheontas B le hOibriú agus le Cothabháil faoin gcóras conartha “bona fide” Dearadh/Tógáil/Oibriú dóibh siúd a mbíonn fearas cóireála dá gcuid féin acu. Tá leasú déanta ar an gcóras próiseála Réamhíocaíochtaí mar a mhínítear sa mheamram a scaiptear ar na grúpscéimeanna.

Léiríonn na rátaí méadaithe go bhfuil An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tiomanta don Chlár Uisce Tuaithe is don obair a bhíonn ar siúl mar thoradh ar an gcur chuige páirtíochta idir na grúpscéimeanna féin, an Cónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna, na hÚdaráis Áitiúla agus an Roinn maidir le fíoruisce inólta a sholáthar. Dáileadh ar an iomlán €3.3 milliún mar dheontais dá leithéid ar ghrúpscéimeanna.

## Deontas chun soláthar uisce do theach aonair a chur isteach nó a fheabhsú más gá

Faoin scéim deontas seo tugtar 75% den chostas oibre (faoi réir uasmhéid 2,031.58) dóibh siúd a bhíonn ina theideal chun soláthar uisce a fheabhsú. Caithfidh an t-iarrthóir féin a bheith ina chónaí san áitreabh a tógadh ar a laghad seacht mbliain ó shin agus ní mór a chruthú nach bhféadfaí freastal air trí Ghrúpscéim ná trí Sceim Phoiblí. Íocadh €35,186 mar dheontais dá leithéid i mbliana.

# Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola

Tá an Roinn Comhshaoil agus Bainistiú Dramhaíola feagrach as gach a bhaineann leis an gcomhshaol sa chontae seachas ceisteanna dramhaíola (líonadh talún, bruscar, dumpáil mhídhleathach 7rl.). Bainistítear freisin an tSeirbhís Maor Madraí agus Tréidliachta, Cothabháil Reiligí Dlínsithe agus Fodhlíthe um Thrádáil Ócáideach.

Toisc gur contae tuaithe sinn mar a bhfuil móran aibhneacha agus lochanna ní haon iontas go mbímid gafa le cáilíocht uisce agus is líonmhar iad na tionchair a théann i bhfeidhm uirthi seo. Orthusan bíonn diúscairt idir thionsclaíoch is tráchtála maraon le cóireáil uisce is fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonair.

Bíonn ról ríthabhachtach againn maidir le foinsí uisce inólta a chosaint idir phoiblí, grupscéimeanna agus príobháideach. Ar na ceisteanna comhshaoil a bhíonn faoi chaibidil againn tá caighdeán aeir agus fadhbanna a bhaineann le gleo, iarratais phleanála agus fo-dhlíthe. Déantar monatóireacht ar fheidhmiú funnimh, ar chleachtas um fhuinnimh inmharthana is ar laghdú ar úsáid fuinnimh laistigh d’Údaráis Áitiúla an Chabháin.

## Cáilíocht Uisce

Tá dhá ghné dár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce:

- Ár gcuid acmhainní nádúrtha a chosaint is a fheabhsú idir aibhneacha, locha agus uisce ar bharr talún.
- Monatóireacht ar cháilíocht fíorusce inólta.

## Uiscí Nádúrtha

Contae lán de lochanna agus aibhneacha is ea An Chabhán is iad ar na hacmhainní is fearr atá againn. Tá fíoruisce iontu don phobal is don talmhaíocht chomh maith le taitneamh do mhuintir na háite is do chuairteoirí araon. Laghdaítear costas cóireála má choimeádtar an t-uisce ar ardchaighdeán agus ar an gcuma san cuirtear le buanna an chontae do mhuintir an Chabháin is do na turasóirí a thagann chugainn.




**Léarscáil na nAbhantrach**

Roinn an Treoir Creat Uisce na huiscí atá sa chontae ar bhonn Ceantar Abhantrach. Tá ceithre Abhantrach i gContae an Chabháin is dá réir sin tá ceithre Phlean Ceantar Abhantrach i bhfeidhm againn. Tugadh stádas cáilíochta do gach aon chorp uisce. Caithfimid na huiscí atá go han-mhaith a choimeád mar atá agus iad siúd nach mbíonn chomh maith san a fheabhsú.

Sna Pleananna Ceantar Abhantrach luaitear spriocanna agus dátaí cinnte leo. Caithfimid gnímh áirithe a dhéanamh i gcaitheamh na bliana chun fáil réidh le mórfhoinsí truaillithe. Orthusan bíonn eisileadh tionsclaíoch, oibreacha áirithe feirme, oibríocha um choireáil séarachais agus córais fhuíolluisce do thithe aonair.

Go minic ní léir ár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce. Uaireanta is próiseas mall é feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce i loch mar shampla. Caithfear a rá, áfach, na córais atá againn á gcur san áireamh, go ndéanfar dul chun cinn ar bhonn leanúnach sna blianta atá romhainn go dtí go mbeidh ardstádas againn dár gcuid uiscí ar fad.
Toisc go meastar go mbeidh méadú ar chleachtais áirithe talmhaíochta de dheasca na gcótaí bainne a bheith le baint i 2015 beidh dúshlán suntasach romhainn maidir le dul chun cinn.

## Soláthar Uisce

Déantar anailís ar na scéimeanna poiblí ar fad agus freisin ar fhormhór na ngrúpscéimeanna faoi cheannteidil éagsúla chun a chinntiú go bhfuil uisce á sholáthar atá ar chaighdeán den scoth don sláinte poiblí mar a éilítear faoin reachtaíocht.

## Caidreamh Poiblí

Buaileann foireann an Roinn Comhshaoil leis an bpobal in aghaidh an lae. Glactar leis an deis úd chun an scéal a scaipeadh maidir le cáilíocht uisce a fheabhsú is a choimeád trí aibhneacha, lochanna agus foinsí uisce inólta a chosaint.

Ar bhonn níos foirmiúla scaiptear an scéal céanna trí chuairteanna scoile a mhíníonn na cúrsaí úd maidir le cáilíocht uisce do dhaoine óga ar fud an Chontae. Tugtar comhairle freisin um chaomhnú uisce agus eagraítear seisiúin eolais i mbrainsí leabharlainne agus in ionaid phobail. Baintear leas as na meáin trín stáisiún Northern Sound is trín Anglo Celt mar áiseanna oideachais agus eolais in aghaidh an tséasúir. Oibríonn an Roinn Comhshaoil go dlúth le ranna eile Comhairle Contae an Chabháin, mar shampla:

- cruinnithe réamh-phleanála, iarratais phleanála agus fadhbanna/ceisteanna a fhreagairt ón Roinn Pleanála maidir le cáilíocht uisce, aeir agus le gleo

- cabhraítear leis an Roinn Bainistiú Dramhaíola trí chuairteanna scoileanna glasa agus léirithe feasachta

- tugtar comhairle don Roinn Tithíochta maidir le suímh a bheith oiriúnach do thithíocht tuaithe iníosluchtaithe

- pléitear le ceisteanna ó na Comhairlí Baile, Oifigí Ceantair agus ón Roinn Bóithre maidir le cáilíocht uisce, chaomhnú agus aibhneacha

- meastar iarratais ar cheadúnas dramhaíola i gcomhthéacs cáilíocht uisce, chaomhnú agus dul i gcomhairle leis an Roinn Bainistiú Dramhaíola.

- ceist "eastáit gan chríochnú" a reiteach agus eastáit a ghlacadh mar mhuirear

## Saotharlann Chomhshaoil

Is í an tsaotharlann atá suite ar Bhóthar Bhéal Átha hÉis croílár na hoibre idir 'Uiscí Nádúrtha' agus uiscí inolta. Is ansiúd a dhéantar clár leathan anailíse, ach amháin obair speisialtóireachta ó am go chéile a sheoltar amach.

Déanaimid samplóireacht leis agus tástáil do roinnt cliant idir phoiblí agus príobháideach, gné den saothar atá ag méadú. Is fíor, áfach, gurb í an tástáil ar son Comhairle Contae an Chabháin príomhghnó na Saotharlainne. Níl a leithéid eile ag aon údarás áitiúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach ag a bhfuil creidiúnacht ó Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB).

Tógadh 1,332 sampla agus rinneadh breis is 15,000 triail orthu.

| **Anailís ar na Samplaí** | | |
|---|---|---|
| Soláthair Uisce | Grúpscéimeanna | 191 |
| | Comhairle Contae an Chabháin | 173 |
| Diúscairt ó Chóireáil Séaraigh | Comhairle Contae an Chabháin | 211 |
| | Príobháideach | 32 |
| Natural Waters | Aibhneacha | 441 |
| | Lochanna | 191 |
| Tríú Pháirtí | | 75 |
| Ilchineálach | | 18 |
| **Iomlán** | | **1,332** |

## Bainistiú Fuinnimh

Ar fud na heagraíochta tá Bainisteoir Fuinnimh na Comhairle freagrach as

- Feidhmiú fuinnimh a fheabhsú
- Cleachtais um fhuinneamh inmharthana
- Cur le feasacht fuinnimh
- Tuairisciú ar Spriocanna Laghdú Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin
- A chinntiú go ngéilleann soláthar fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin do chonarthaí náisiúnta an Oifig Rialtais Fhála
- Cleachtais a bhunú um mhonatóireacht ar chaitheamh fuinnimh
- Treoir agus comhairle a thabhairt faoi rialacháin fhuinnimh agus riachtanais reachtúla.

Is é laghdú fuinnimh 33% an sprioc atá roimh Chomhairle Contae an Chabháin faoin mbliain 2020.  Bunaithe ar scór Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhí spáráil 20% déanta ag Chomhairle Contae an Chabháin faoin mbliain 2013.  Bunaítear an figiúr ud ar na sonraí a sheoltar chuig an SEAI faoi chaitheamh bliantúil funnimh agus a leithéid eile.

Faightear an leictreachas do Chomhairle Contae an Chabháin de réir tairiscintí an tSeirbhís Náisiúnta Fála.  Bronnadh conradh nua ar Airtricity do thart ar 50 suíomh na Comhairle trín Oifig Rialtais Fhála.

Riartar an conradh soláthar leictreachas don Soilsiú Poiblí freisin trín Oifig Rialtais Fhála agus is ag Energia atá an conradh soilsiú poiblí atá faoi chúram Chomhairle Contae an Chabháin.  Oibrítear breis is 50 suíomh aonair mar Oifigí, Leabharlanna, Saotharlann, áiseanna Bainistiú Dramhaíola, áiseanna Fóillíochta, Músaem, Amharclann 7rl.  Is é an gné fuinnimh is suntasaí ar fad laistigh den Chomhairle ná an soilsiú poiblí.

Seo liosta de chuid de na foirgintí agus na suímh a bhíonn á n-oibriú:

1. Teach Cúirte an Chabháin
2. Foirgneamh Leabharlann Mhic Sheáin
3. Ionad Fóntas Pobail Choill an Chollaigh
4. Ionad Fóntas Pobail Bhéal Átha Chonaill
5. Líonadh Talún an Chabháin
6. Na Stáisiúin Doiteáin
7. Na Leabharlanna
8. Móran foirgneamh agus áras ag Oifigí Ceantair/Ceantair Bhardasach
9. An Póna (ainmhithe móra agus madraí)
10. An Músaem

- D'úsáid Chomhairle Contae an Chabháin caiteachas leictreachais mar 4,973,189 MWh.
- caiteachas gáis 23,897 MWh.

| **Energy Cineál** | **Úsáid Fuinnimh** | | |
|---|---|---|---|
| | kWh | MWh | GWH |
| Leictreachas | 4,949,301 | 4,949 | 4.95 |
| Breosla Iontais | 3,235,042 | 3,235 | 3.24 |
| Iomlán Fuinneamh Úsáidte | 8,184,343 | 8,184.34 | 8.18 |

## Gnímh Déanta 2014

- Uasghrádú ar chuid de stoc Tiithíochta na Comhairle ag an Roinn Tithíochta Méadaíodh ar an bhfeasacht laistigh den Chomhairle maidir le sonraíocht agus ceannach earraí ón gClár E Triarach.

- Meadaíodh ar an bhfeasacht laistigh den Chomhairle maidir le foirgnimh nó le codanna foirgneamh ar fheidhdmiú fuinnimh B3 from 2012 nó A3 ó 2015.

- De réir riachtanas na Rialachán (Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh) Aontas Eorpach 2012, ní mór Deimhniú ar Léiriú Fuinnimh (DEC) d'aon fhoirgneamh níos mó ná 500 m² ar a mbíonn an pobal ag triall go minic. Tosaíodh ar an bpróiseas tairisceana céanna de réir Cleachtas Náisiúnta Fála.

- Leanadh de shuímh nua a dháileadh de réir tairiscintí buacacha a bhí ag an tSeirbhís Náisiúnta Fála.

- Cuireadh sonraí le chéile um úsáid fuinnimh i dtreo monatóireacht agus tuairisciú de réir de réir an Uirlis um Mhonatóireacht agus Tuairisciú de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Bunaíodh córas monatóireacht mhíosúil ar fheidhmiú fuinnimh

- Athbhunaíodh an Fhoireann fuinnimh

- Athbhreithniú ar cheangail fuinnimh agus ar mhuirir fóntas d'áitribh fholmha nó tréigthe sa chás go bhféadfaí airgead a spáráil

- Bunaíodh cleachtas méadair a léamh go minic

## Gnímh don bhliain 2015

- Ullmhófar agus seolfar isteach tionscnamh soilsiú poiblí i gcomhar le Cumann Lucht Tráchtála an Chabháin don gClár Pobal um Fheabhsú Fuinnimh.

- Soláthar céimneach Clár um Fheasacht ar Fhuinneamh

- An Polasaí Funnimh a chur i bhfeidhm arís

- An Chairt Fuinnimh a athbhunú

- An clár deiseanna a athbhunú

- Leanúint den chóras monatóireacht mhíosúil ar fheidhmiú fuinnimh

- Leanúint den chleachtas méadair a léamh go minic
- Teagmháil leis na Ranna Uilig chun cur le feasacht le linn Cruinnithe Meitheal

- Iniúchadh do na 5 Suíomh is mó Úsáide
- Monatóireacht agus Tuairisciú SEAI a chríochnú laistigh de thréimhsi éilithe
- Leanúint de shuímh nua a dháileadh de réir tairiscintí buacacha a bhí ag an tSeirbhís Náisiúnta Fála.
- Teagmháil le hUisce Éireann de réir Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse agus Prótacail
- Oiliúint Fuinnimh MAP don bhFoireann Fuinnimh ar fad
- De réir riachtanas na Rialachán (Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh) Aontas Eorpach 2012, an measúnú a chríochnú don Deimhniú ar Léiriú Fuinnimh (DEC) d'aon fhoirgneamh níos mó ná 500 m² ar a mbíonn an pobal ag triall go minic.

## Fearais Chóireála Fuiolluisce Tí

Faoin Acht (Leasú) Seirbhísí Uisce 2012, bunaíodh córas nua chun caighdeán idir screamhuisce agus uisce ar bharr talún (go háirithe foinsí uisce inólta) a chosaint ó chórais nach mbeadh ag obair mar is cóir. Níor mhór d'úinéirí áitreabh atá ceangailte lena leithéid d'fhearas an córas a chlárú faoi mhí Feabhra 2013. Bunaíodh Plean Náisiúnta Cigireachta (NIP) a leag síos na riachtanais ar bhonn náisiúnta is a thug tús aite don rogha cigireachta ar bhonn riosca truaillithe.

Chuaigh ceithre bhall den bhfoireann Comhshaoil ar chúrsa oiliúna agus tosaíodh ar chigireacht a dhéanamh ar fhearais choireála fuíolluisce tí i 2013. Tharla 48 cinn de chigireachtaí i 2014. Don chuid is mó bainfidh siad siúd le ceantair mar a gceapadh baol mór truaillithe a bheith ann.

Bhuaigh Comhairle Contae an Chabháin Gradam "Feabhas sa Rialtas Áitiúil 2014" sa chatagóir "Comhshaol Inmharthana" ar son ár Straitéis Plé Poiblí maidir le soláthar céimneach an chláir úd.

**Anailís ar Dheimhniú, Forfheidhmiú agus Ceadúnú**

| | |
|---|---|
| Líon Ceadúnas Diúscartha Alt 4 | 56 |
| Líon Ceadúnas Diúscartha Alt 16 | 16 |
| Líon Ceadúnas Truailliú Aeir | 1 |
| Líon Suíomh Cláraithe Rialú Ábhar Tuaslagach | 6 |
| Líon Suíomh Cláraithe Péint Mhaisiúil | 20 |
| Líon Clárú Rialacháin Gal Peitriliam | 30 |
| Líon Cigireachtaí Feirme | 67 |
| Líon gearán faighte agus scrúdaithe | 132 |
| Líon tuairiscí chuig An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 0 |
| Líon Fograí Alt 12 a seirbheáladh faoi na hAchtanna Truailliú Uisce | 6 |
| Líon cás dlíthiúla a bunaíodh i 2013 | 5 |

# Bainistiú Dramhaíola

Tá an roinn Bainistiú Dramhaíola i gComhairle Contae an Chabháin freagrach as Bainistiú Dramhaíola agus Bruscair, Feasacht Chomhshaoil agus Oideachas, Seirbhísí Maor Madraí agus Tréidliachta, Reiligí Dlínsithe is Fo-dhlíthe um Thrádail Ócáideach.

Ina dteannta san táimid freagrach as Polasaí agus Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola chomh maith leis an mBonneagar Dramhaíola agus le Forfheidhmiú na Rialachán Dramhaíola.

## Polasaí agus Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola

Tá An Cabhán i measc na 13 Contae sa Réigiún nua um Bhainistiú Dramhaíola Connacht Ulaidh a gcuireadh i bhfeidhm i 2014. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo atá mar cheann ar an réigiún. Seoladh comhairliúchán poiblí faoin nDréachtphlean um Bhainistiú Dramhaíola Connacht Ulaidh 2015-2021 mí na Samhna i nGaillimh.

D'fhoilsigh Comhairle Contae an Chabháin an dréachtphlean go poiblí ar Shuíomh na Comhairle agus pléadh an plean ag an gcéad chruinniú a bhí ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil agus Pleanáil.

## Bonneagar Dramhaíola: Líonadh Talún

Tá Láithreán Líonadh Talún Chorr an Iúir dúnta anois maidir le glacadh le dramhaíl tí agus tráchtála is é faoi cheadúnas ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (EPA). Tá monatóireacht leanúnach ar bun chun a chinntiú go ngéilltear do dhálaí an cheadúnais.

Tá trí láithreán líonadh talún eile faoi cheadúnas (EPA) is iad dúnta, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh agus Béal Tairbirt. Tá obair athchóirithe déanta orthu agus monatóireacht ar bun freisin lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar an gcomhshaol is nach sáraítear an ceadúnas EPA.

Tá 14 láithreán eile a bhí riamh sa Chontae faoi na Rialacháin (Deimhniú Láithreán Stairiúla Dramhaíola agus Gnímh Aisghabhála gan Cheadúnas) 2008. Leantar den mheasúnú riosca maidir leo siúd i dtreo oibreacha feabhsúcháin agus ceadúnú ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil. D'éirigh leis an gComhairle maoiniú a fháil ón Roinn Comhshaoil chun oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar láithreán fuílligh Dún an Rí agus tosnaíodh orthu siúd mí na Nollag.

## Ionaid Athchúrsála agus Ionaid Beir Chuige

Áis is ea ionad athchúrsála a ligeann do theaghlach an bruscar tí agus ábhar athchúrsála a chur de láimh ach táille a íoc. Tá an tseirbhís Ionad Beir Chuige saor in aisce d'ábhar mar éadach, buidéil phlaisteach is gloine agus cannaí bia nó dí. Tá réimse iomlán bonneagar athchúrsála i gContae an Chabháin. Tá trí chinn d'Ionaid Athchúrsála de shíor ag oibriú agus 30 Ionad Beir Chuige chun seirbhís athchúrsála atá saoráideach in aice láimhe a sholáthar do theaghlaigh an chontae.




## Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú

Faoi réir moltaí Parlaimint agus Comhairle na hEorpa (Aibreán 2001) a leag amach critéir bhunúsacha dá leithéid, tá sé de dhualgas ar údarás áitiúil plean bliantúil um chigireacht chomhshaoil a ullmhú. Caithfear tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí idir chigireacht agus forfheidhmiú agus caithfear athbhreithniú a chur i gcrích go rialta chun a chinntiú go gcomhlíontar na dualgais ar fad go héifeachtúil.

Tá dhá réimse sna cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola:

- Cigireachtai Rialta (san áireamh tá áitribh/áiseanna ceadaithe ag Comhairle Contae an Chabháin) agus Cigireachtai Ócáideacha.

- Socraítear Cigireachtaí Rialta roimh ré de réir Plean Bliantúil Cigireachta ach ar an mórgóir is de dheasca Gearán Bruscair a dhéantar Cigireachtai Ócáideacha.

Tá na Cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola faoi réir réimse leathan Rialachán Dramhaíola. Is de dheasca gearán a bheith faighte ó dhaoine aonair, ó Údaráis Áitiúla an Chabháin nó ó áisínteachtaí nó eagraíochtaí seachtracha a dhéantar Cigireachtaí Ócáideacha. Baineann a leithéid de ghnáth le diúscairt gan chead ag láithreacha aisghabhála, dumpáil mhídhleathach nó aon ghníomhaíocht gan chead i gcás dramhaíola (mar shampla dramhaíl a dhó nó a aistriú gan chead). Ag seo an líon gearán bruscair a fuarthas le trí bliana anuas.

| 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| 90 | 109 | 122 |

I measc na dtosaíochtaí bhí:

- Suímh Fheithiclí Deireadh Ré gan chead a thabhairt chun rialtachta, a fheabhsú nó a dhúnadh.
- Rialacháin Dramhaíl Bia a chur i gCrích is a Fhorfheidhmiú
- Rialacháin um Láithreáin Stairiúla Líonadh Talún a chur i gCrích
- Forfheidhmiú: dumpail mhídhleathach agus suímh bruscair.

## Rialacháin Dramhaíl Bhia

Is chun scagadh agus aisghabháil dramhaíl bhia tí agus a leithéid eile d'ábhar bithdramhaíola ó líonadh talún a bunaíodh na Rialacháin (Dramhaíl Bhia Tí agus Bithdhramhaíl) AE, 2013 (I.R. Uimh. 71 de 2013). Caithfidh bailitheoirí dramhaíola bailiúchán ar leith a eagrú do dhramhaíl bhia tí. Ní mór don chustaiméir a leithéid de dhramhaíl a choimeád ar leith agus í a chur amach ag an am cuí don bhailiúchán atá ann go speisialta chuige sin. Tá feidhm leis na rialacháin úd i mBaile an Chabháin ó mhí Iúil i leith. Rinne an fhoireann na bearta seo a leanas chun cur le feasacht ar na rialacháin:

- Tionóladh cruinnithe leis na bailitheoirí bruscar tí chun a ndualgais a chur in iúl.
- Bhí fógraí ar an raidió aitiúil agus gné-ailt ag an gComhairle ar an Anglo Celt.
- Tugadh cainteanna i scoileanna, do ghrúpaí pobail agus ag ócaidí áitiúla.
- Scaipeadh bileoga eolais i leabharlanna agus i seomrai dóchtúra agus fiaclóra.

## Áiseanna Feithiclí Deireadh Ré

Is iad na Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006) a bhaineann go príomha le feithiclí deireadh ré. Tá na rialacháin úd i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2006 agus é mar aidhm acu caighdeáin chearta comhshaoil a leagadh síos chun go ndéanfar feithiclí deireadh ré agus na comhpháirteanna a aisghabháil agus a chur de lámh mar is cóir ionas nach mbeidh drochthionchar comhshaoil i gceist leo. Leagtar síos freisin riachtanais bhunúsacha teicniúla maidir le Feithiclí Deireadh Ré a bhailiú, a stóráil agus a láimhseáil.

Tá na caighdeáin nua i bhfeidhm ó 2007 agus sula n-aithnítear aon ghnó mar "Áis Cheadúnaithe Chóirithe" caithfear ar dtús ceadúnas bailí dramhaíola a fháil is ní mór ansin an gnó a oibriú de réir na gcaighdeán atá sa Dara Sceideal i Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006.

Is cion é faoin Acht um Bhainistiú Dramhaíola 1996 mar a leasaíodh, gnó aistrithe bruscair nó aisghabhála (m.sh. gluaisteáin a bhaint anuas,) gan cheadúnas dramhaíola. Is cion é freisin muna gcomhlíontar forálacha na Rialachán (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola 2006.

## Ionad Beir Chuige um Dhramhaíl Ghuaiseach Fheirme

I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil, Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara d'eagraigh Comhairle Contae an Chabhain ionad beir chuige ag marglann Bhaile Sheamais Dhuibh mí na Samhna a thug deis d'fheirmeoirí fáil réidh le dramhaíl ghuaiseach ar mhodh um chosaint ar shláinte an duine, beithígh agus an chomhshaoil. Scéim píolótach a bhí inti agus eagraíodh 10 ionad dá leithéid mar chuid de scéim náisiúnta. Rug 120 feirmeoir dramhaíl ghuaiseach chuig an ionad agus bailíodh 10,012 Cg ar an iomlán. Rug 218 eile fós 12,449 Cg idir fhearas leictreach agus cadhnairí.

## Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiú

Tá dualgas ar Chomhairle Contae an Chabháin plean dramhaíola a ullmhú is a chur i gcrích don cheantar feidhme. Sa phlean reatha leagtar síos príomhchuspóirí an Údaráis Áitiúla maidir le bruscar a chosc is a smachtú sa Chontae. Dírítear ar an dá réimse mar atá feasacht phoiblí agus forfheidhmiú.

Tá dhá Mhaor Bruscair lánaimseartha ag Comhairle Contae an Chabháin agus Oifigeach amháin Bainistiú Bruscair agus dualgais orthu idir fhorfheidhmiú agus oideachas maidir le cúrsaí bruscair. Eisíodh 223 fíneáil ar an láthair maidir le cionta faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 mar a leasaíodh. Gearrtar fíneáil €150 ar an láthair. D'fhéadfaí fíneáil níos mó a ghearradh má chuirtear tús le cás cúirte. Ina leithéid de chás bíonn uasmhéid mar €4,000 ann.

| | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Líon iomlán maor bruscair lánaimseartha | 2 | 2 |
| Líon iomlán maor bruscair páirtaimseartha | 4 | 4 |
| Líon iomlán maor bruscair (idir lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 6 | 6 |
| Líon fíneálacha eisithe ar an láthair | 211 | 223 |
| **Líon Gearán Faighte** | **375** | **390** |

## Feasacht Chomhshaoil agus Oideachais

Mí Aibreáin eagraítear Glantachán Náisiúnta an Earraigh. I dtaca leis sin spreagtar Scoileanna, Coistí Bailte Slachtmhara agus Cumainn Áitritheoirí sa Chontae chun tionscnamh glanta a eagrú iad fhéin. Dáileadh málaí, lámhainní, bainteoirí bruscair agus veisteanna ardléargais ar na grúpaí. Bhíothas páirteach go fonnmhar sa bhfeachtas ar fud an chontae agus bailíodh 1,900 mála bruscair ar thaobh an bhóthair.




Feachtas Bruscar Guma

Feachtas náisiúnta é seo a dhíríonn ar an ngá atá le guma a chur sa bhosca bruscair agus leis an bpobal a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a bhaineann le bruscar guma. Mar chuid dár bhfeachtas áitiúil reachtáladh lá seolta in Achadh an Iúir mí Meithimh. Bhí an Cathaoirleach Shane P. O'Reilly ann in éineacht le Cumann Forbartha Achadh an Iúir agus cuid den bhfoireann Bainistiú Dramhaíola.

## Clár Bruscair Bóthar a Uchtáil

Baineann an clár úd le bruscar a bhailiú ó imill bhóithre ag lucht gnó is ag grúpaí pobail a bhíonn páirteach sa scéim. Is iad an lucht gnó agus na grúpaí féin a stiúraíonn an scéim. Aithníonn Comhairle Contae an Chabháin an saothar atá déanta acu go léir trí chomharthaíocht a chur in airde i ngach limistéar. Trín sceim seo clúdaítear breis is 144Cm bóithre.

## Léig Bhruscair Chontae an Chabháin

Lean an Údarás Áitiúil den obair le pobail áitiúla chun slacht agus néatacht a choimeád ar dhreach na mbailte, sráidbhailte is na tuaithe. Déantar aithris go díreach ar an gcigireacht agus ar na caighdeáin mharcála a bhíonn in úsáid ag Lucht Gnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair mar bíonn cigireacht ar siúl go rialta i measc 26 baile agus sráidbhaile sa Chontae. Is iad an fhoireann um Fhorfheidhmiú Bruscair a dhéanann an mholtóireacht.

Tháinig feabhas thar na bearta ar ghlaine na mbailte is na sráidbhailte sa Chabhán le blianta beaga anuas. De bharr na scéime tá tréaniarracht déanta ag mórán idir lucht gnó agus pobail chun fadhbanna bruscair a laghdú ina gceantair fhéin sa Chontae.y.

## Coistí Bailte Slachtmhara

Tá dlúthbhaint ag Comhairle Contae an Chabháin leis na 19 Coiste Bailte Slachtmhara atá sa Chontae. Is fíor go mbíonn ról lárnach ag na coisti úd maidir le Coisctheacht bhruscair is iad ag tacú leis an Údarás Áitiúil chun an Plean um Bhainistiú Buscair a chur i gcrích. Bíonn siad freisin ag feabhsú is ag cothabháil na bhfaichí oscailte agus an timpeallacht is conláistí nádúrtha i dtreo iad go léir a choimeád saor ó bhruscar. Bhí cruinniú eolais ag Comhairle Contae an Chabháin lena n-ionadaithe siúd ó na Ceantair Bhardasach i rith na bliana.

## Clár Scoileanna Glasa

Cúis áthais do Chomhairle Contae an Chabháin a bheith ag obair le Scoileanna Glasa, An Taisce agus le scoileanna an Chontae chun an clár Scoileanna Glasa a chur chun cinn. Is iontach an teist í ar chách a bhaineann leis ag gach leibhéal. Ag an mbronnadh Gradam a tharla sa Helix i mBaile Átha Cliath mí Bealtaine fuarthas mar a leanas ón gCabhán:

- seacht scoil brat glas um bhruscar agus dramhaíl don chéad uair
- cúig scoil an dara brat um fhuinneamh
- ceithre scoil an tríú brat um chúrsaí uisce
- trí scoil an ceathrú brat um chúrsaí taistil
- aon scoil amháin an cúigiú brat um bhithéagsúlacht




Scoláirí agus an Comhordaitheoir Scoileanna Glasa ó Scoil Náisiúnta Ballinamoney a fuair Brat Glas ag an Searmanas Bronnadh Gradam sa Helix.

Ar na cláir do scoileanna ina rabhamar páirteach le linn na scoilbhliana seo caite bhí: seimineár múinteoirí i Seomra na Comhairle, comhordú cuairteanna ar ár n-ionaid fhóntas pobail idir phoiblí agus príobháideach, eagrú cuairteanna foireann na Comhairle ar scoileanna chun aird a tharraingt ar chúrsaí bhruscair, dramhaíola, uisce agus fuinnimh chomh maith le ceisteanna áitiúla agus an scéal a scaipeadh trí nuachtáin agus raidió áitiúil faoin saothar mór a bhí ar bun ag scoláirí, muinteoirí is ag tuismitheoirí.

Is léir ón rath a bhí ar na hiarrachtaí go mbíonn scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar fud an Chabháin ag obair go dícheallach is ag caitheamh an-chuid dua agus ama leis na hiarrachtaí ar son an chomhshaoil trí theamaí na Scoileanna Glasa.

Bronnadh brat glas ar na scoileanna seo a leanas mí Bealtaine:

## Bruscar agus Dramhaíl

1. Scoil an Láir, Béal Átha Chonaill
2. Scoil Náisiúnta Leathráth, Muff, Dun an Rí
3. Scoil Náisiúnta Baile an Mhuilinn, Béal Tairbirt
4. An Scoil Ríoga, Sráid an Choláiste, An Cabhán
5. Scoil Náisiúnta Naomh Feidhlim, Sráid Fearnán, An Cabhán
6. Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál, An Chliaifearna, Sraith an Domhain
7. Coláiste Phádraig, Cullies, An Cabhán

## Fuinneamh

1. Scoil Náisiúnta Ballinamoney, Coill an Chollaigh
2. Coláiste Bhréifne, Br. An Mhuinchille, An Cabhán
3. Scoil Náisiúnta Fearnán, Drumelis, An Cabhán
4. Scoil Náisiúnta Naomh Feidhlim, Leitir, Coill an Chollaigh
5. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Béal Átha hÉis

## Uisce

1. Scoil Carraig na Brúise, Achadh an Iúir
2. Scoil Náisiúnta Clochar na Trócaire, Béal Tairbirt
3. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Ármhach
4. Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál, An Muinchille

## Taisteal

1. Scoil Náisiúnta na mBuachaillí, Béal Tairbirt
2. Scoil Náisiúnta An Chill, An Muinchille
3. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Searcóg

## Bithéagsulacht

1. Scoil Náisiúnta Naomh Cillian, An Mullach

## Ciste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiuil 21

Trín gciste seo cuirtear forbairt inmharthana chun cinn trí chabhrú le tionscnaimh beaga comhshaoil, gan aon bhrabús, ar bhonn áitiúil. Tagann an maoiniú ón Roinn Comhshaoil agus ó na hUdaráis Áitiúla do thionscnaimh mar gháirdíní pobail, cuibhrinn, scéimeanna muiríne agus tionscadail oideachais.

Fuarthas 25 iarratas faoin gCiste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiúil 21 agus orthusan bhí tionscnaimh idir phobail (maoiníodh cúig coiste bailte slachtmhara) agus scoile. Bronnadh maoiniú ar 15 tionscnamh. Ar na tionscnaimh úd bhí saothair phobail (ina measc bhí cúig choiste bailte slachtmhara) agus tionscnamh scoile. Leantar den obair laistigh de Chlár Áitiúil 21. D'fhreastail 85 dalta ó 4 bunscoil i mBaile an Chabháin ar thionscnamh comhshaoil scoile tri chunamh ó Bhailte Slachtmhara Baile an Chabháin.

Moladh go forleathan an slí siúlóide inrochtana comhshaoil a críochnaíodh ag Ionad an Chabháin, Baile Shéamais Dhuibh. Bainfidh 4,000 duine óg leas as. Ghlac 500 scoláire ó 8 scoil páirt sa chlár bitheagsúlachta do scoileanna. Is mór an chabhair an saothar úd d'aon scoil ina measc a bheadh ag obair i dtreo brat glas don bhitheagsúlacht a bhaint amach.

Éilítear an tseirbhís agus caithfidh an tÚdarás Áitiúil Maor Madraí lánaimseartha a fhostú faoi na hAchtanna Rialú Madraí 1992-1996. Tá seirbhís éifeachtach agus gníomhach ar siúl ag an Maor Madraí ag déileáil le madraí ar strae, madraí tréigthe agus le hiompar frithshóisialta. Stiúraíonn an Maor céanna Ceadúnais Mhadraí freisin agus eisíodh 6,798 ceadúnas ar fad.

## Seirbhísí Tréidliachta

Tá Oifigeach lánaimseartha Tréidliachta fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin maraon le cúig cigire páirtaimseartha. Scrúdaíonn/ceadaíonn/iniúchann an tOifigeach Tréidliachta seamlais agus monarchana beaga feola ar fud an chontae. Rinneadh thart ar 130 scrúdú sláinteachais maraon le breis is 1,400 a tharla roimh agus tar éis marú 11,339 caora, 36,306 muc, 5,893 stoc, agus 10,000 turcaí i seamlais a bhfuil ceadúnas acu ón Údarás Áitiuil.

I rith na bliana seoltar samplaí feola faoi thuairim chuig an Saotharlann Lárnach atá ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gCill Dara lena dtástáil ar eagla iarmhar frithbheathach no ceimiceach eile. Seoladh 71 sampla dá leitheid i rith na bliana. Ina theannta san chláraigh an roinn Tréidliachta trí áitreabh faoin reachtaíocht Gnó Pórú Madraí (DBE).

## Coiste Polasaí Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Tá liosta ball na gCoistí Polasaí Straitéiseach (SPC) ar leathanaigh 20-22. Tharla léirithe ar na hábhair seo a leanas:

- Tuairisc ar Chigireacht Dabhach Múnlaigh
- Rialacháin AE um Dhramhaíl Bia Tí agus Bithdhramhaíola
- Ciste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiúil 2013
- Forbairt Coistí Bailte Slachtmhara Contae an Chabháin

## Airgeadas, Seirbhísí Eolais

Ní mór eolas cruinn in am tráth ar airgeadas seirbhísí uilig na Comhairle a sholáthar agus rialú inmheánach éifeachtach a chur i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach ag an Roinn Airgeadais maidir le seirbhísí Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar. Pléitear le cuntas airgeadais oibriú na n-údarás idir ioncaim agus caipitiúil ar fud na Ranna Seirbhísí go léir.

Is iad seo a leanas na príomhaidhmeanna:

- Spriocanna airgeadais Plean Corparáideach na Comhairle a chur i gcrích
- An bhainistíocht is an dea-chleachtas is fearr dá bhfuil ann a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Cúrsaí Airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail reachtúla agus airgeadais a bhaineann le gnóthais airgeadais na Comhairle
- Feidhmiú rialú inmheánach mar is cóir a chinntiú chun sócmhainní na heagraíochta agus cruinneas is iontaofacht na gcuntas a chosaint
- A chinntiú go bhfaightear margadh maith ar fud na heagraíochta i gcónaí

## Iasachtaí

Tá 198 cuntas iasachtaí ag an gComhairle, as an méid sin tháinig aisíocaíochtaí morgáistí €488,577.56 i 2014. Bailíodh breis is 67% de na hiasachtaí ar fad a bhí amuigh i 2014. Táthar ag plé ar bhonn dearfach le custaiméirí ag a bhfuil deacrachtaí anois maidir le riaráistí morgáistí. Déantar é sin trín bPróiseas um Fhuascailt Riaráistí Morgáistí (Próiseas MARP) agus trín Scéim Morgáistí go Cíos.

## Párolla

Sa tseirbhís úd déantar pá agus tuarastal na foirne a phróiseáil maraon le ÍMAT agus ÁSPC nó aon laghdaithe cuí eile agus cuntais orthu a líonadh. Ó Mhí na Nollag 2014 i leith tá MyPay feagrach as íocaíochtaí Párolla ar son Chomhairle Contae an Chabháin Tá thart ar 510 duine fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| WPá: | 145 (coicíse) |
| Tuarastal: | 261 (coicíse) |
| Comhrac Tine: | 86 (in aghaidh ráithe) |
| Comhairleoirí: | 18 (in aghaidh 4 seachtaine) |

Sa roinn párolla leis déantar próiseas ar íocaíochtaí do 290 lucht pinsin.

## Muirear ar Mhaoin Cónaithe Phríobháideach (NPPR)

Faoi réir An Acht Rialtais Áitiúil (Muirir)(Leasú), 2009 gearrtar muirear ar gach maoin chónaithe phríobháideach sa tír seachas Príomháitribh an Úinéara. Mar shampla íoctar an muirear ar Áitribh ar Cíos, Tithe Saoire, agus ar Áitribh atá Folamh.

Riartar an córas bailiúcháin ar bhonn náisiúnta, i bpáirt leis an mBord um Sheirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB). Tá suíomh idirlin ag an LGCSB (**www.nppr.ie**) mar a bhfuil eolas ar fáil faoin mhuirear maraon le córas chun maoin a chlárú agus an muirear NPPR a íoc ar líne. Bailíodh ar an iomlán €1,761,875 i ndiaidh costas bailiúcháin LGCSB) sa Chabhán (ceantair Chomhairlí Baile san áireamh) maidir leis an muirear úd i 2014. Fuarthas suim breise €109,010 ó chustaiméirí a tháinig ar réiteach íocaíochta le Comhairle Contae an Chabháin

## Muirear Teaghlaigh

Muirear bliantúil is ea an Muirear Teaghlaigh a tháinig isteach nuair a bhí feidhm leis An Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 agus atá ar gach úinéar áitreabh cónaithe. Tá dualgas a bhailithe anois ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is in ionad an mhuirir úd atá an Muirear ar Mhaoin Áitiúil.

## Rátaí

Eisíodh ar an iomlán 2,122 Éileamh Rataí i rith na bliana as a fuarthas iomlán tobhach €11,398, 793,57. Ba é €56.85 an Ráta Bliantúil Luachála.

## Iniúchadh Inmheánach

Feidhmh neamhspleách oibiachtúil is ea iniúchadh inmheánach a chuireann le fiúntas na heagraíochta. Cuirtear go mór le cuspóirí corparáideacha na Comhairle a bhaint amach trí chur chuige rialta eagraithe a dhéanann measúnú agus iniúchadh ar bhainistiú riosca is ar phróisis rialaithe agus rialachais araon.

Tá sé mar pholasaí againn feidhm Iniúchadh Inmheánach den scoth a choimeád de réir ár gCairt Iniúchadh Inmheánach 2014-2015. Bíonn gníomhartha uilig na Comhairle faoina scáth chun gur féidir a chuid cúraimí a scrúdú go grinn is go hoibiachtúil ar bhonn bainistiú riosca:

- rialú inmheánach ionraic a chinntíonn go mbainistítear riosca mar is cóir agus go mbíonn cuntas ceart ar shócmhainní is ar leas na Comhairle mar chosaint ar chaillteanas, calaois san áireamh;
- córais iontaofa um bhainistiú eolais idir de lámh agus leictreonach;
- géilliúlacht do chuspóirí, polasaithe, pleananna agus cleachtais na Comhairle;
- géilliúlacht do reachtaíocht is do rialacháin seachtracha;
- margadh maith sna gníomhaíochtaí ar fad trí úsáid acmhainní ar bhonn eacnamaioch,
- éifeachtach agus éifeachtúil a mheas;
- measúnú ar cheisteanna cuí a aithnítear faoin gcóras iniúchadh seachtrach.

Sa Phlean Bliantúil Iniúchadh Inmheánach leagadh síos clár oibre na bliana. Cuireadh san áireamh Clár Riosca na Comhairle, inchur is tuairimí an Fhoireann Bhainistíocht Shinsir/na Stiúrthóirí Seirbhísí, An Choiste Iniúctha, ceisteanna ón Iniúchóir Rialtais Áitiúil agus acmhainní foirne. Scrúdaíodh an Oifig Mhótarchánach, Amharclainn an Reamhoir, Músaem an Chontae, Laithreáin Chathartha Líonadh Talún, Oifigí Airgeadóra agus An Chosaint Shibhialta.

Díríodh ar réimsí áirithe iniúctha mar an Clár Sócmhainní Réadacha/ Maoine, Taiscí Inaisíoctha agus Bannaí Fuillimh, an Córas Ordú Ceannaigh GRN mar a oibrítear ag na hOifigí Ceantair Bóithre agus Fáil Deontas Rialtais Áitiúil i 2013.

Tharla oiliúint bhreise Iniúchadh Inmheánach a chuimsigh seimineáir san IPA faoi chleachtais iniúctha laistigh den Earnáil Phoiblí is ar na hathruithe cuí a tharla faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Cuid de Struchtúr Rialachas Corparáideach na Comhairle is ea Iniúchadh Inmheánach a thuairiscíonn go díreach i láthair an Choiste Iniúctha agus an Phríomhfheidhmeannaigh in aghaidh na ráithe.

Aithníonn Iniúchadh Inmheánach gur stiúraigh Comhairle Contae an Chabháin go héifeachtach na dúshlán an-mhór a bhí rompu le cúpla bliain anuas maidir le hairgeadas, le himeacht ar scor is le bac earcaíochta. Tá an fheagarthacht úd ríthábhachtach don éifeachtúlacht is don trédhearcacht.

## An Coiste Iniúctha

Foráltar faoi Alt 59 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil Act 2014 an bonn reachtúil atá faoin gClár Gnímh do Rialtas éifeachtach Áitiúil agus athdhearbhaítear na forálacha dlíthiúla a bhaineann le coistí iniuctha. Chinntigh an tAcht bunú coistí iniúctha ag na húdaráis áitiúla laistigh de thréimhse áirithe ama agus bhronn orthu dualgais áirithe maidir le tuairisc an iniúchóra agus leis an ráiteas iniúctha airgeadais.

Bunaíodh an coiste tar éis ainmniú ón nGrúpa Polasai Corparáideach agus comhairle an Phríomhfheidhmeannaigh trí rún Comhairle. Tá an téarma ag teacht go díreach le téarma reatha na Comhairle a thosaigh mí Meithimh agus a leanfaidh go deireadh Bealtaine 2019. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste maidir le comhairle a chur ar an gComhairle faoi phróisis tuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, bainistiú riosca agus cúrsaí iniúctha mar chuid den athbhreithniú eagraithe ar an gcomhshaol rialaithe is ar chleachtais rialachán na Comhairle. Oibrítear de reir Cairt Coiste Iniúctha mar a ordaítear faoi na Rialacháin (Coiste Iniúctha) Rialtais Áitiúil 2014 agus an treoir gaolmhar a eisíodh mí Meithimh.

Tá cúigear ball ar an gCoiste; beirt Ionadaí Tofa agus triúr Ball Seachtracha. Is Ball Seachtrach a bhíonn mar Chathaoirleach ar an gCoiste.

| **An tIar-Choiste roimh Bealtaine 2014** | **An Coiste Nua Meitheamh 2014 – Bealtaine 2019** |
|---|---|
| **Con Dolan (Cathaoirleach)** | Con Dolan, Ball Seachtrach sa Chathaoir |
| Jim Lalor | Jim Lalor, Ball Seachtrach |
| PJ Dunne | PJ Dunne, Ball Seachtrach |
| Councillor (Cllr) Madeleine Argue | Cllr Madeleine Argue |
| Cllr Gerry Murray | Cllr Clifford Kelly |
| Eoin Doyle (DOS) / Brian Hora (Rúnaí)<br>Seirbhísí Corparáideacha | |

Agus athbhreithniú ar bun ar dheachleachtais agus ar nósanna um bhainistiú riosca chuaigh an coiste go minic i gcomhairle leis an mBainistiocht Shinsir is leis an Iniúchóir Inmheánach. Buaileadh freisin leis an Iniúchóir Údarás Áitiúla maidir le Tuairisc Bhliantúil an Iniúchóra agus sheol tuairisc ar a dtuairim iniúctha chuig an Chomhairle. Bhí dhá chruinniú ag an Iar-Choiste idir Eanáir agus Bealtaine agus tháinig an coiste nua le chéile don chéad uair mí na Nollag 2015.

## Mótarcháin

Tá an Roinn Mótarcháin freagrach as:

- Ceadúnais Fheithiclí
- Leabhair Chláraithe, Fáltais agus Plátaí Trádála do cheannaithe mótar
- Próiseas ar mhalairt úinéirí agus ar aisíocaíochtaí
- Teastais S103 agus CT53
- Deimhnithe reachtúla asbhóthair (SORD) a eisiúint is a thaifeadadhV
- Próiseas ar mhalairt sonraí feithiclí

Dlúthaíodh na seirbhísí Mótarchánach toisc athruithe a bheith ar pholasaí Mótarchánach i 2013. Ba léir tionchar na n-athruithe úd nuair a laghdaigh ar líon na ndaoine ag teacht isteach san oifig toisc úsáid a bheith á baint as seirbhísí ar líne. Scaoileadh le cumas sa roinn dá réir. Seoladh ball foirne amháin go dtí an deasc nua seirbhís chustaiméara agus dáileadh freagrachtaí breise ar an roinn, táthar anois freagrach as taiscí uilig na heagraíochta.

Tháinig athrú ar pholasaí na Roinne mí na Márta a lig d'iompó cineálacha áirithe feithiclí príobháideacha (M1) go tráchtála (N1) ach fós cúig suíochán iontu. Fuarthas an-chuid iarratas a bhain leis sin.

Toisc Windows xp a bheith imithe i léig do na hiarratais NVDF bheartaigh an Roinn córas nua a ghlacadh. Dá bhrí sin ceannaíodh ríomhairí nua chun an t-aistriú go Citrix a éascú. Tosófar ar an soláthar céimneach úd go luath i 2015.

## Sonraí ioncaim agus gnóthaí:

| | Iomlan Gnóthaí | Iomlán Ioncaim |
|---|---|---|
| Ceadúnais Fheithiclí | 44,152 | €8,939,751 |
| Deimhnithe ar Shábháilteacht Bhóthai | 257 | €1,879 |
| Ceadúnais Trádála | 73 | €25,416 |
| Fála Ilchineálacha | 3,947 | €15,778 |
| **Iomlánl** | **48,429** | **€8,982,828** |

## Mótarcháin ar Líne

Rinneadh próiseas ar 52,155 cás ar líne agus b'shin 47.39% de ghnóthaí uilig mótarchánach an Chabháin. Tá an tseirbhís Mhótarchánach ar líne ar fáil do ghluaisteáin phríobháideacha, feithiclí tráchtála (le huimhir aitheantais athnuachana), gluaisrothair, tarracóirí, feithiclí díofa agus carbháin d'athnuachan is don chéad chlárú. Iarrtar ar chustaiméiri leas a bhaint as an seirbhís ar líne ach logáil isteach ar **www.motortax.ie**

## Táscairí Seirbhíse

| **M.1 Líon agus Céatadán Gnóthaí Mótarchánach** | **2014** |
|---|---|
| Líon próiseas ag an gcuntar | 38,642 |
| Líon próiseas tríd an bpost | 6,734 |
| % próiseas ag an gcuntar | 85.16% |
| % próiseas tríd an bpost | 14.84% |
| **M.2 Próiseáil Iarratas Mótarchánach tríd an bPost** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 4,395 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 1,535 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 278 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 526 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 65.27% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 22.79% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 4.13% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 7.81% |

| | |
|---|---|
| **M.3 Próiseáil Iarratais ar Cheadúnais Tiomána** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 5,279 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 1,078 |
| **M.4 Uaireanta Oscailte don phobal** | |
| Oscaile ar an meán in aghaidh na seachtaine | 30.3 |

## Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (TEC)

Anois is sinn ag maireachtáil in aois na teicneolaíochta tá ról lárnach ag an Roinn TEC maidir le soláthar seirbhísí i ngach aon Roinn laistigh den Chomhairle. Is é an misean atá againn ná an tseirbhís ardchaighdeáin ríomhaireachta is fearr a chur ar fáil. Dírímid ar an gcomhshaol is éifeachaí agus is sábháilte don bhfoireann seo againne.

Sa roinn TEC díritear ar thacú le banc leathan freastalaithe, ríomhairí pearsanta agus goiris ilfheidhme atá sa bhonneagar líonra Achair Lóganta (LAN) agus líonra Achair Fhairsing (WAN). Stiúraítear freisin an bonneagar cumarsáide idir sheasta agus móibíleach. Tacaímid le gréasán mór éagsúil mar a bhfuil beagnach 1,000 goireas fisiciúil idir Ríomhairí Pearsanta is Glúine, Freastalaithe, MFD agus printéirí, Bonneagar Cumarsáide aguas Gréasán.

Nuair a osclaíodh Leabharlann Bhéal Tairbirt sroicheadh an gréasán Corparáideach trí nasc nua gan sreang ón bhfoirgneamh leabharlainne go dtí an raidió WAN a bhí cheana féin ar thaischumar Uisce Bhéal Tairbirt. Soláthraítear freisin rochtain do na brainsí leabharlainne in Ármhach agus i mBaile Shéamais Dhuibh trí Ghréasán Slán Príobháideach. Ar an gcuma san féadfaidh an fhoireann sa dá leabharlann teacht ar an gCóras Bainistiú Eolais Leabharlainne, ar Inlíon agus ar ríomhphost Foirne.

Agus na Comhairlí Baile agus an Chomhairle Contae ag teacht le chéile chuireamar an cúnamh teicneolaíocht ar fad ar fáil dóibh chun córais TE Bhaile an Chabháin agus na Comhairle Contae a nascadh. Rinneamar réiteach TE leis chun an Oifig Fiontar Aitiúil a bhreith isteach i mbonneagar TE an údaráis áitiúla.

Thacaíomar leis an bhfoireann Vótala is iad ag ullmhú do na toghcháin Áitiúla trí shonraí comhaireamh a uaslódáil láithreach bonn ar ár suíomh idirlín is ar na meáin sóisialta. Rinneamar uasghrádú ar an gceangal leathanbhanda don rochtain phoiblí i leabharlann an Chabháin go dtí an réiteach is déanaí rSnáithín chun ceangaltacht ar ardluas a chinntiú.
Ar na feidhmchláir eile a bhíonn idir lámha againn tá:

- iDocs: Córas Bainistíochta Doiciméad
- Agresso FMS (Córas Bainistíocht Airgeadais)
- Bunachair Inmheánacha
- iPlan: Córas Riarachán Pleanála
- iReg: Clár na dToghthóirí
- eHeg: Deontais Ardoideachais
- iHouse agus RAS: Córas Riarachán Tithíochta
- Brabhsálaí Inlíon Spásúil agus Seirbhísí eile GIS
- LabInfo: Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce
- SMS: Teachtaireachtaí ar an Mórchóir
- Meáin Sóisialta
- Forbairt Suíomh Idirlín agus Bainistiú an Ábhair
- Forbairt Aipeanna Móibíleach
- Bainistiú Cló

# Coimriú Cuntas ar Chaiteachas agus Ioncam 2014

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachas (A) | 62,935 | 61,713 |
| Fála | | |
| Deontais Stáit | 21,615 | 21,375 |
| Earraí agus Seirbhísí | 18,165 | 11,819 |
| Rátaí Trachtála | 13,337 | 11,162 |
| Údaráis Áitiúla eile | 338 | 732 |
| Tobhach Pinsin | 1,022 | 1,115 |
| Muirear Contae | 0 | 1,386 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 8,458 | 14,124 |
| **Ioncam Iomlán (B)** | **62,935** | **61,713** |
| (Easnamh) / Fuílleach (BA=C) | 0 | 0 |
| Fuílleach 1 Eanáir | | |
| Ioncam Túis | | |
| (D) | 1,743 | 1,663 |
| IIoncam Deiridh | | |
| Fuílleach 31 Nollaig (C+D+E) | 1,743 | 1,663 |
| **Caiteachas Ioncaim 2014** | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 6.74 | 10.71 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 18.90 | 30.03 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 8.70 | 13.82 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 4.28 | 6.80 |
| Cosaint Comhshaoil | | |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 3.67 | 5.83 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 1.51 | 2.40 |
| Ilchineálach | 8.85 | 14.06 |
| Aistriu go Caipiteal | 3.50 | 5.56 |
| **Iomlán** | **62.94** | **100** |

# Caiteachas agus Ioncam ar Chuntas Caipitiúil 2014

| | Caiteachas 2014 €000 | Ioncam 2013 €000 |
|---|---:|---:|
| **Grúpa Clár** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5,092 | 3,982 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 2,554 | 1,856 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 2,725 | 7,230 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 4,116 | 1,601 |
| Cosaint Comhshaoil | 916 | 1,037 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 878 | 398 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 0 | 0 |
| Ilchineálach | 1,291 | 843 |
| **Iomlán** | **17,572** | **16,947** |
| | | |
| **Ioncam Isteach 2014** | | |
| | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 7.75 | 12.31 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 12.84 | 20.40 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 8.53 | 13.55 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 2.05 | 3.26 |
| Cosaint Comhshaoil | 1.35 | 2.14 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 0.71 | 1.13 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 1.21 | 1.92 |
| Ilchineálach | 5.68 | 9.02 |
| Rátaí | 13.34 | 21.19 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 8.46 | 13.44 |
| Muirear Contae | 0 | 0 |
| Tobhach Pinsin | 1.02 | 1.62 |
| **Iomlán** | **62.94** | **100** |